# DAOINE, ÁIT AGUS CUMHACHT

## CÓRAS AN ARD-GHIÚIRÉ IN ÉIRINN

**Brian Gurrin** le David Brown, Peter Crooks agus Ciarán Wallace








*Beyond 2022: Tionscadal Taighde um Thaisce Taifead Fíorúil*

BEYOND 2022
Virtual Record Treasury of Ireland

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

Arna fhoilsiú ag Taisce Taifead Fíorúil na hÉireann

© Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, 2022

Téacs curtha ar fáil ag Brian Gurrin agus sleachta ó David Brown, Peter Crooks agus Ciarán Wallace.

Íomhánna le caoinchead na gCartlannaithe agus Bainisteoirí Taifead Rialtais Áitiúil; Bailiúchán L. Brown; Cartlann Náisiúnta na hÉireann; Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann; Teach na Cúirte, Sráid Washington, Corcaigh; agus Leabharlann Chathair Chorcaí.

Gach ceart ar cosaint. Ní fhéadfar aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála, nó a tharchur i bhfoirm ar bith nó ar bhealach ar bith, go leictreonach, go meicniúil, trí fhótachóipeáil, trí thaifeadadh nó trí aon slí eile, gan cead i scríbhinn roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Íomhánna clúdaigh: *clé go deas:* grianghraf d'Ard-Ghiúiré Dhún na nGall (1899), (Seirbhís Cartlainne, Comhairle Contae Dhún na nGall); cuid de Léarscáil Ard-Ghiúiré Chill Mhantáin, Jacob Nevill 1760 (bailiúchán L. Brown); grianghraf de bhreithiúna cúirte seisiúin ag teacht go Teach Cúirte Thulach Mhór (c. 1910), (Cartlann Uíbh Fhailí).

ISBN: 978-1-9168831-2-3



Íomhá chartúis Léarscáil Ard-Ghiúiré Chorcaí Neville Bath, 1811 *(Bailiúchán L. Brown)*.

"Tionscnamh suaitheanta is ea an Tionscadal Beyond 2022, ní hamháin mar gheall ar an méid a bhainfear amach leis trí theicneolaíocht cheannródaíoch, ach mar gheall ar a chur chuige comhoibríoch.

Éascaítear leis ath-iniúchadh a dhéanamh ar stair ár n-oileáin agus ar na naisc atá cruthaithe leis na céadta bliain lenár gcomharsana."

An Taoiseach, Micheál Martin TD

Tráchtanna ag seoladh Chlár Deich mBliana na gCuimhneachán 2021 de chuid an Stáit, an 27 Aibreán 2021

Rialtas na hÉireann Government of Ireland | Tionscadal Éireann Project Ireland 2040

Is tionscadal taighde comhoibríoch uile-oileáin agus idirnáisiúnta é **Beyond 2022** a oibríonn chun atógáil fíorúil a chruthú d'Oifig na dTaifead Poiblí in Éirinn, a scriosadh i rannpháirtíocht oscailte an Chogaidh Chathartha ag na Ceithre Cúirteanna (Baile Átha Cliath) ar an 30 Meitheamh, 1922. Tá an taighde a stiúradh ón Rannóg Staire, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus tá sé á óstáil ag Ionad ADAPT.

Stóráiltear sa 'Taisce Taifead' ag Oifig na dTaifead Poiblí in Éirinn seacht gcéad bliain de thaifid Éireannacha a théann siar go dtí ré na Normannach. In éineacht le 5 Phríomh-chomhpháirtí Cartlainne agus os cionn 50 Institiúid Rannpháirteach eile in Éirinn, sa Bhreatain agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá, tá Beyond 2022 ag obair chun an méid a cailleadh sa tine uafásach sin céad bliain ó shin a fháil ar ais.

Ar chomóradh céad bliain ó thine na gCeithre Cúirteanna, seolfar leis an Tionscadal Taisce Taifead Fíorúil na hÉireann ar líne. Déanfar na milliúin focal ó dhoiciméid scriosta a nascadh agus a chur le chéile arís ó chóipeanna, ó thras-scríbhinní agus ó thaifid eile atá scaipthe i measc bhailiúcháin ár gcomhpháirtithe cartlainne. Feidhmeoidh an Taisce Taifead Fíorúil mar oidhreacht bheo atá ag fás ó Dheich mBliana na gCuimhneachán.

Beidh Taisce Taifead Fíorúil na hÉireann ina hacmhainn rochtana oscailte a bheidh ar fáil saor in aisce ar líne do gach duine a bhfuil suim acu i stair na hÉireann sa bhaile agus thar lear. Beidh go leor de na hinstitiúidí cuimhní is tábhachtaí ar fud an domhain linn sa mhisean comhroinnte seo chun stair chaillte na hÉireann a athchruthú.

Tá Beyond 2022 an-bhuíoch as an maoiniú flaithiúil arna sholáthar ag Rialtas na hÉireann tríd an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán faoi Thionscadal Éire 2040. Ba mhaith leis an Tionscadal a bhuíochas a ghabháil leis an Aonad Cuimhneachán laistigh den Roinn as a rannpháirtíocht agus a thacaíocht leanúnach.

Aithníonn Beyond 2022 chomh maith an tacaíocht fhlaithiúil ó fhoras príobháideach chun an taighde seo a chur i gcrích, chomh maith leis an daonchairdeas a sholáthair William agus Pamela Lowe.

Chun cead a fháil íomhánna áirithe a atáirgeadh sa leabhrán seo, ba mhaith leis an Tionscadal buíochas a ghabháil le Leabharlann Chathair Chorcaí; An Teach Cúirte, Sráid Washington, Corcaigh; Bailiúchán L. Brown, Cartlann Náisiúnta na hÉireann; agus Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann.

Tá an Tionscadal ag súil go mór le comhpháirtíocht taighde a chruthú le Cartlannaithe agus Bainisteoirí Taifead Rialtais Áitiúil (LGARM). Aithníonn an Tionscadal an LGARM go croíúil, chomh maith leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, as a thacaíocht le ceiliúradh a dhéanamh ar chomóradh céad bliain an ionsaí ar Theach an Chustaim ar an 25 Bealtaine 1921, nuair a scriosadh cartlanna Bhord Rialtais Áitiúil na hÉireann.

Sular bunaíodh comhairlí contae, bhíodh an rialtas áitiúil á reáchtáil ag ard-ghiúiréithe. Mar a fhéachann *Daoine, Áit agus Cumhacht* lena nochtadh, tá flúirse faisnéise faoi gach cearn den oileán seo sna taifid ard-ghiúiréithe, a choinnítí i gcartlanna contaetha áitiúla ar fud na hÉireann agus in PRONI (Béal Feirste).

Peter Crooks, Stiúrthóir Cláir
Ciarán Wallace, Leas-Stiúrthóir
Bealtaine 2021



Réaltacht Fhíorúil 'Thaisce Taifead' Oifig na dTaifead Poiblí in Éirinn a athchruthú.
*An Tionscadal Beyond 2022*



Taobh istigh de 'Thaisce Taifead' Oifig na dTaifead Poiblí in Éirinn ó 'Albam James Mills' (1914)
*Le caoinchead Chartlann Náisiúnta na hÉireann*

# Clár na nÁbhar


**Brollach** 2

**Réamhrá: Bunús an Ard-Ghiúiré in Éirinn** 4

**Cuid 1: Daoine, Áit agus Cumhacht** 9

1.1. Daoine 10

1.2. Áit 21

1.3. Cumhacht 28

**Cuid 2: Foinsí don Ard-Ghiúiré in Éirinn** 33

2.1. Scriosadh agus Marthanas 34

2.2. Taifid shibhialta: Leabhair Thuairiscí agus Sleachta, Leabhair Cheisteanna agus Airgeadas 37

2.3. Taifid Bhreithiúnacha: Leabhair Cúirte Seisiúin 44

**Conclúid** 46

**Léitheoireacht Bhreise** 50

**Nótaí** 51

**Cartlannaithe agus Bainisteoirí Taifead Rialtais Áitiúil** 54





Bear [sic] Peninsula ar Léarscáil Ard-Ghiúiré Chorcaí
Neville Bath, 1811.
*Bailiúchán L. Brown*




Tuairiscí Chontae an Rí (1852-75)
*Le caoinchead Chartlann Uíbh Fhailí*

# Brollach

Tugtar chun suntais i gcartlanna an Ard-Ghiúiré, ina gclúdaítear dhá chéad bliain de stair na hÉireann i roinnt cásanna, an saol sóisialta agus polaitiúil ar na leibhéil is áitiúla, i mbeagnach gach cearn den tír.

Mar a thaispeántar sa leabhrán seo, bhí córas ard-ghiúiré an rialtais áitiúil in Éirinn á fheidhmiú ó na meánaoiseanna. I dtús báire bhí baint ag na hard-ghiúróirí,a bhíodh comhdhéanta de thiarnaí talún saibhre áitiúla, le riarachán an cheartais. Bhíodh an chúirt ina suí dhá uair sa bhliain, san earrach agus sa samhradh. Le linn an seachtú, ochtú agus naoú haois déag tugadh feidhmeanna níos leithne do na hard-ghiúiréithe amhail bóithre agus droichid a thógáil, scoileanna, ospidéil, foirgnimh phoiblí agus príosún an chontae, chomh maith le bailiú cánach (cíos contae).

Tá neart fianaise ann ar na dualgais a chomhlíonadh na hard-ghiúiréithe ó dheireadh an ochtú haois déag agus go háirithe an naoú haois déag sa mhórán leabhar cúirte seisiúin agus tuairiscí chomh maith le taifid ard-ghiúiréithe eile a mhaireann amhail leabhair chonarthaí, léarscáileanna, miontuairiscí cruinnithe, cuntais agus comhfhreagras. Athraíonn ráta marthanais thaifid na n-ard-ghiúiréithe ó údarás áitiúil amháin go húdarás áitiúil eile. Téann roinnt de na taifid tuairiscí siar go dtí tús an ochtú haois déag.

I measc na n-imeachtaí neamhghnácha i ré na n-ard-ghiúiréithe tá Éirí Amach 1798, an tAcht Aontachta, 1801, an Gorta Mór, Cogadh na Talún agus nuachóiriú ar deireadh ar an daonlathas áitiúil in 1898-9. Tháinig deireadh le dualgais riaracháin na n-rd-ghiúiréithe in 1899, nuair a cuireadh an tAcht um Rialtas Áitiúil (Éire), 1898 i bhfeidhm agus nuair a bunaíodh na Comhairlí Contae, na Comhairlí Ceantair Uirbeacha agus Tuaithe níos daonlathaí.



Tuairiscí an Ard-Ghiúiré, Contae Dhún na nGall
*Le caoinchead na Seirbhíse Cartlainne, Comhairle Contae Dhún na nGall*

Léiríonn cartlanna na n-ard-ghiúiréithe na hathruithe de réir a chéile a rinneadh ar an tsochaí agus ar an bpolaitíocht náisiúnta agus áitiúil, agus cineál ársa chóras na n-ard-ghiúiréithe féin á nochtadh. Tá ualach oibre méadaithe na n-ard-ghiúiréithe le feiceáil i dtuairiscí na cartlainne, ina dtagraítear do chonarthaí le haghaidh oibreacha bóthair, droichid, tearmann, ospidéal, scoileanna, príosún, tithe cúirte, agus go leor seirbhísí eile. Déantar gach rud a thaifeadadh ina dtuairiscí agus ina miontuairiscí idir 'shuaitheadh' áitiúil, deacracht i mbailiú cánach, ról Chonstáblacht Ríoga na hÉireann, fadhbanna le hoibreacha poiblí, líomhaintí maidir le héilliú (lena n-áirítear i measc a mball féin!), agus drochfheidhmíocht conraitheoirí.

Bíonn bailiúcháin ard-ghiúiréithe ar fáil de ghnáth i seirbhísí cartlainne áitiúla, nó i leabharlanna i bPoblacht na hÉireann. Tá bailiúcháin shuntasacha i gCartlann Náisiúnta na hÉireann, i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, agus in Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann chomh maith. Tá roinnt acu réidh le féachaint orthu ar líne freisin.

Oibreoidh comhpháirtíocht spreagúil de Chartlannaithe agus Bainisteoirí Taifead Rialtais Áitiúil leis an tionscadal taighde Beyond 2022 chun rochtain ar chartlanna ard-ghiúiréithe digitithe a fheabhsú trí *Thaisce Taifead Fíorúil na hÉireann*. In am agus i dtráth agus den chéad uair, beidh bailiúcháin ard-ghiúiréithe ó gach cearn d'Éirinn ar fáil i stór digiteach amháin. Cuideoidh digitiú leis na bailiúcháin bhunaidh a chaomhnú do na glúine atá le teacht chomh maith. Tríd an gcomhpháirtíocht seo atá ag fás, oibreoimid le chéile ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta chun tuiscint a threisiú agus chun taighde níos grinne arna dhéanamh ag scoláirí, staraithe teaghlaigh agus áitiúla ar na cartlanna uathúla seo i bhfad romhainn a éascú.

An Dr Niamh Brennan
Cathaoirleach, Cartlannaithe agus Bainisteoirí Taifead Rialtais Áitiúil (LGARM)

Bealtaine 2021

# Réamhrá: Bunús an Ard-Ghiúiré in Éirinn

Tá bá láidir ag daoine ar fud na hÉireann lena gcontae áitiúil. Níl sé sin gan íoróin, toisc gurbh iad contaetha na hÉireann táirgí choncas meánaoiseach na hÉireann. Mar chineál riaracháin áitiúil, ba iad na nAngla-Normannaigh a thug an contae isteach. Is é an contae is luaithe a bhfuil fianaise againn air contae Bhaile Átha Cliath sna 1190í, timpeall fiche bliain nó mar sin i ndiaidh tiarnas de choróin Shasana a dhéanamh d'Éirinn in 1171-2.

De réir mar a tháinig níos mó d'Éirinn faoi rialtas ríoga Shasana, rinneadh críocha na hÉireann a 'roinnt ina 'síreanna' – is é sin, iad a struchtúrú ina n-aonaid riaracháin áitiúil ar a dtugtar 'contae' nó 'síreanna', a bhíodh á bhfeidhmiú ar shamhail Shasana agus a lean dlí coiteann Shasana. Ag a mhéid is mó le linn na Meánaoiseanna (c.1300), bhí dosaen contae ríoga ann. De réir mar a fheictear iad, ba iad sin: Baile Átha Cliath, Port Láirge, Corcaigh, Ciarraí, Lú, Luimneach, Tiobraid Árann, Connacht, Ros Comáin, Cill Dara agus an Mhí.

Má bhí sír ann chaithfí oifigeach ríoga a chruthú chun í a riar. Ba é an t-oifigeach (nó 'ríbh') sin an sirriam (nó an 'ríbh contae'). Bhí an sirriam ríthábhachtach don riarachán áitiúil ó dheireadh an tríú haois déag ar aghaidh. Bhí go leor dualgas aige. Bhailíodh sé ioncam don choróin, d'fhógraíodh sé cogadh chun an contae a chosaint, agus sheasadh sé leis an gceartas ríoga. Ba é an dlí laistigh den chontae dlí coiteann Shasana, a raibh feidhm aige ar chodanna cloíte d'Éirinn.

Is é seo bunús meánaoiseach an ard-ghiúiré in Éirinn. Sna Meánaoiseanna, dhéanadh breithiúna ríoga, a théadh ar camchuairt ó chontae go contae, cionta tromchúiseacha a thriail. Nuair a bhíodh na breithiúna i láthair, thugtaí ordú don sirriam (i bhfocail taifid ó dheireadh an tríú haois déag):


'24 duine na fir is fearr agus is discréidí sa chontae a ghairm, idir ridirí an chontae agus fhir eile; agus caithfidh siad faisnéis a sholáthar don bhreitheamh faoi chúrsaí a bhaineann le suaimhneas shíocháin an rí'.

Is é sin an córas ar a thugtaí 'ard-ghiúiré' de 23 nó 24 fear (seachas an giúiré trialach níos lú, nó 'mionghiúiré', de bheirt ghiúróirí dhéag). Sholáthraíodh na giúróirí faisnéis ar an bhfírinne, nó seachas sin, fianaise 'a chuireadh oifigigh an rí i láthair'. Tríd é sin a dhéanamh chuidíodh siad leis an rí agus le breithiúna an rí an ceartas ríoga a ionchúiseamh.



Eagráin de thuairiscí i gcumhdach leathair
*Le caoinchead Chartlann Chontae Loch Garman*

Léaráid 1. Taifeadadh de phár meánaoiseach scoilte a dódh i dtine na gCeithre Cúirteanna in 1922.



*Le caoinchead Chartlann Náisiúnta na hÉireann, CB 1/4, scannán 1.*

Chuaigh cumhacht ríoga Shasana in Éirinn i laghad le linn na Meánaoiseanna níos déanaí, cé go léirítear i dtaifid chúirte ilroinnte a tháinig slán ó thine na gCeithre Cúirteanna in 1922 gur shín cumhacht an rialtais ríoga i bhfad níos faide ná 'An Pháil' thart ar Bhaile Átha Cliath.

Taispeántar sa taifead páir seo ó dheireadh an cheathrú haois déag sirriam Chorcaí agus é gníomhach in 1397-8 (Léaráid 1). Ordaítear don sirriam anseo 'David fitz Richard' a ghabháil agus é a choinneáil sa phríosún go dtí go mbeadh sé ábalta cúisimh áirithe a fhreagairt sa chúirt.

Níor cuireadh críoch le síreanna a dhéanamh d'Éirinn ach go dtí tús an seachtú haois déag i ndiaidh chogaí athghabhála ré Eilíse.

Faoin ochtú haois déag, agus níos luaithe is dócha, cheapadh sirriam an chontae, nó ‘an t-ard-shirriam’, ard-giúiré don chontae roimh shuí gach cúirte seisiúin. Dhéanfadh ard-shirriam téarma bliana sa phost, agus d’fhéadadh sé a chomharba a mholadh don ard-leifteanant, ionadaí an rí i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, nuair a bhíodh deireadh ag teacht lena théarma. Cheapadh an t-ard-leifteanant sirriam úr in am do chúirt seisiúin an earraigh, an chéad cheann de dhá chúirt seisiúin gach bliain. Cheaptaí fo-shirriam chomh maith chun cabhrú leis na dualgais, dualgais fhairsinge agus inar cuimsíodh faoin am sin coimeád an dlí, eagrú toghchán parlaiminteach, agus na torthaí a thuairisciú.

Toisc gurbh é post tábhachtach é, ba mhinic a dhéantaí ainmneacha sirriamaí úra a fhógairt i nuachtáin náisiúnta agus áitiúla agus bhíodh liostaí fada d’ainmneacha sirriam contae ina ngné-ailt choitianta i stair chontae an naoú haois déag. Níorbh ionadh go mbíodh ainmneacha teaghlach agus daoine aonair mór le rá le feiceáil go rialta ar liostaí sirriam. Ós rud é gurbh é an sirriam an príomhphointe teagmhála idir rialtas Bhaile Átha Cliath agus na contaetha, choinníodh oifig an Phríomh-Rúnaí, an státseirbhíseach is sinsearaí sa tír, na liostaí dá n-ainmneacha cothrom le dáta. Rinneadh na céadta de na liostaí sin a chaomhnú in Oifig na dTaifead Poiblí in Éirinn sular scriosadh iad in 1922.[1]


Bhíodh go leor freagrachtaí ag ard-ghiúiré. Chinneadh a chomhaltaí an gcuirfí cás ar aghaidh chun trialach i gcóras a d’fhéadfadh pianbhreitheanna dochta a fhorchur, lena n-áirítear iompar agus bás. Shocraíodh siad an ráta bliantúil cánachais contae agus shocraíodh siad na réimsí ar a ndíreofaí caiteachas. Chinneadh siad cad iad na bóithre a dhéanfaí a dheisiú, agus cad air a ndíreofaí mórchúram bonneagair. D’fhostaíodh an t-ard-ghiúiré oifigigh chontae, agus mhaoiníodh siad príosún agus ospidéal an chontae.




Cúirt Seisiúin Dhoire 1926
*Le caoinchead Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann*

Príosún Baile na Gaillimhe: Plean Talún (1831)

*Le caoinchead Chartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe*





Grianghraf d'Ard-Ghiúiré Chontae Chorcaí, 1899
*Le caoinchead Sheirbhís Cartlainne Chathair agus Chontae Chorcaí*




# Cuid 1:

## Daoine, Áit agus Cumhacht

# 1.1. Daoine

## An tArd-Ghiúiré: Comhdhéanamh agus Ballraíocht

Den chuid is mó den ochtú agus den naoú haois déag, ba é an t-ard-ghiúiré an 'comhlacht áitiúil ba thábhachtaí faoin tuath in Éirinn'.[2] Dhá uair sa bhliain, thagadh trí dhuine is fiche de na daoine ba shaibhre, ba chumhachtaí sa chontae le chéile ag cúirt seisiúin an earraigh (nó an Carghas) agus cúirt seisiúin an tsamhraidh (nó Lá Lúnasa) chun a bhfreagrachtaí cathartha agus breithiúnacha a chomhlíonadh. B'fhir iad na trí dhuine is fiche sin i gcónaí, agus ba Phrotastúnaigh a bhformhór díobh. Bhíodh tionchar ollmhór ag a gcinntí ar ghnáthshaol laethúil daoine ar an leibhéal áitiúil ar fud na hÉireann.

Ba ag an sirriam a bhíodh an cúram a chinntiú go bhféadfaí ard-ghiúiré a cheapadh ag an gcúirt seisiúin, trí ghlaoch ar phainéalaithe ard-ghiúiré an chontae (nó painéalaithe an ard-ghiúiré) chuig an gcúirt seisiúin le haghaidh oscailt gach cúirte seisiúin. Chuirtí tús leis an seisiún cúirte nuair a roghnaíodh an sirriam trí bhall is fiche ón bpainéal, a chuirtí faoi mhionn mar ard-ghiúróirí don seisiún.

Ceann de na chéad chúraimí a bhíodh ar shirriam úr ná eagrú chúirt seisiúin an earraigh, a thionóltaí i mí an Mhárta nó i mí Aibreáin de ghnáth. Dhéantaí uainiú suí cúirte seisiúin contae a chinneadh ar bhonn lárnach, toisc go gcaití dhá bhreitheamh a bheith i láthair, iad siúd a thaistealaíodh ó chontae go contae laistigh de 'chuarda'.

Chuirfeadh fáilte roimh chuairteoirí iomráiteacha den sórt sin le seó agus searmanais, mar a léirítear sa chuntas seo ar theacht ceann de bhreithiúna Chuarda an Iarthuaiscirt go hInis Ceithleann le haghaidh chúirt seisiúin an earraigh 1828:

> *'Tháinig an Barún M'Clelland Uasal chun an bhaile seo, arna thionlacan ag an Ard-Sirriam, Sir Henry Brooke, Bart., agus sochraid d'iliomad constáblaí capall, báille, & c. & c. D'fháiltigh garda Captaein agus banna an 62ú Reisiminte roimhe le hómós cuí.'*

D'fhéadfadh sé gurbh bheag idir onóir a thabhairt do chuairteoir agus bheith maslach, áfach. Nuair a thaistil an Barún Smith Uasal go Ros Comáin tráthnóna Dé Domhnaigh i mí an Mhárta 1828, bhí daoscarshlua thart ar a charráiste ag beannú dó 'lena ngnáth-thaispeántais áthais'. Chloistí gártha arís agus arís eile le haghaidh 'léargais' le bairillí tarra, ach 'bhí roinnt daoine ag a raibh tionchar agus a bhí níos ciallmhaire ag gearán le ceannairí an daoscarshlua maidir leis an míchuibheas an tSabóid a bheith á sárú, agus d'éirigh leo ina ndícheall an slua a scaipeadh, trína dhearbhú dóibh go spreagfadh a n-iompar mothú feirge seachas mothú molta in ucht éagnaí an Bharúin Uasail'.[3]

Léaráid 2. Breithiúna cúirte seisiún ag teacht dóibh go Teach Cúirte Thulach Mhór, c. 1910 (Cartlann Uíbh Fhailí).



*"Agus cuid den ghrúpa ag ligean na ngártha molta astu dá dTiarna, agus ag ceiliúradh…, bhí daoine eile ag éileamh léargais, bairillí tarra, etc."*

*— Roscommon and Leitrim Gazette, 15 Márta 1828*

Léirítear i gcuntas ar cheapachán Ard-Ghiúiré Liatroma i mí an Mhárta 1828 imeacht maorga sollúnta, agus trí ghiúróir is fiche as a phainéal ard-ghiúróirí de chaoga a seacht á roghnú (Léaráid 3). Bhí go leor ainmneacha iomráiteacha ar an bpainéal, lena n-áirítear an dá fheisire suí don chontae, an Bíocunta Clements agus Samuel White, iarfheisirí, John M. Clements agus Peter LaTouche, agus an Bíocunta Forbes, feisire don Longfort; agus go leor bairnéad agus fear uasal. Bhítí ag súil go mbeadh feisirí ar an ard-ghiúiré, agus ba mhinic a líonadh feisire nó piaraí post an phríomhghiúróra.

Léaráid 3. Painéil Ard-Ghiúiréithe agus Ard-Ghiúiréithe Ros Comáin agus Liatroma , earrach 1828.



ROSCOMMON ASSIZES.

On Monday last, precisely at 11 o'clock. The Hon. Mr. Justice VANDELEUR, entered the Crown Court. After the Clerk of the Crown read the Commission, the following Grand Panel was called :—

1 Arthur French, Esq. M. P.—Foreman.
The Hon. R. King,
Stephen Mahon,
2 William French,
Sir R. St. George,
3 William Talbot,
4 Thomas Tenison,
W. R. Wills,
St. George Caulfield,
5 Daniel Kelly,
6 Lieut. Col. O. Lloyd,
7 Hugh Barton,
8 O'Connor Don,
9 Daniel Ferrell,
10 William Caulfield,
Oliver Grace,
11 Robert Goff,
12 D. H. Kelly,
Guy Lloyd,
13 Thomas Naughton,
14 Jeffrey M. French,
15 William Molloy,
Lieut. Col. R. Pelly,
16 Thomas Conry,
17 Morgan Crofton,
18 Jarrard E. Strickland,
19 Owen Young,
Coote Mulloy,
20 Arthur Browne,
Edward Mitchell,
T. Dillon, Mt. Dillon,
Francis Lynch,
21 Michael Balfe,
22 William Kelly,
23 Edmond Kelly,
James Lyster,
Edward Mapother,
Arthur Ahmooty,
Edward Mills,
Robert Jones Lloyd,
Henry Fry,— and
T. G. Digby, Esqrs.

As soon as the Gentlemen, before whose names the figures are prefixed, were sworn as Grand Jurors, his Lordship briefly addressed them, by remarking that although the Calendar was heavy, as to numbers, the crimes with which the persons were charged, would be found, he was happy to say, with a few excep-

LEITRIM ASSIZES.

A few minutes before 3 o'clock last evening, The Hon. Mr. Justice VANDELEUR, reached Carrick-on-Shannon, and soon after repaired to the Court-house. The Clerk of the Crown having gone through the usual formalities, read the following Grand Panel :—

1 Lord Viscount Clements, M. P.—Foreman.
Lord Viscount Forbes,
2 Henry John Clements,
John M. Clements,
Samuel White,
Sir Hugh Crofton, Bt.
3 Peter La Touche,
4 Sir Josias Rowley, Bt.
5 Owen Wynne,
William Ormsby Gore,
William Jones,
G. L. Fox,
6 Thomas Tenison,
C. H. Tottenham,
7 John Godley,
R. Johnston, Oakfield,
Carn Cross T. Cullen,
C. M. St. George,
8 Francis N. Cullen,
Edward Simpson,
9 John James Cullen,
10 William Irwin,
11 William C. Percy,
Richard Irwin,
John Reynolds Peyton
12 Joseph Johnston,
13 Duke Crofton,
14 Francis O'Beirne,
15 Acheson O'Brien,
Richard M'Namara,
16 James W. O'Brien,
A. Johnston,
17 John H. Peyton,
18 George O'Brien,
R. Y. Reynolds,
C. D. D. Johnston,
L. A. Tottenham,
19 John Lawder,
W. P. Reynolds,
Robert Johnston,
20 F. H. J. Jones,
S. C. Rowley,
21 H. Waldron,
William Connolly,
William E. Lees,
22 George H. C. Peyton,
Berry Norris,
23 G. B. West,
James Shanley,
Henry Percy,
Guy Lloyd,
J. D. Brady,
Hugh Walsh,
T. Birchall,
William Shanley,
R. W. Storey, and
C.D. Johnston, Esqrs.

The Gentlemen, before whose names the figures

*Roscommon and Leitrim Gazette, 15 Márta 1828, lch. 3.*

Léiríodh an t-ord ceapacháin san ard-ghiúiré post duine in ordlathas sóisialta an chontae. D'fhéadadh muintir iomráiteach na háite bheith maslaithe mura mbeadh a n-ainm le feiceáil gar do bharr an liosta. Ag cúirt seisiúin samhraidh na Gaillimhe in 1823, fágadh Valentine Blake amach as an ard-ghiúiré. Rinne sé an agóid seo a leanas:

*'mar an mac ba shine le Bairnéad go raibh sé i dteideal áit a fháil, agus áit ard chomh maith, ar phainéal an chontae [an t-ard-ghiúiré]. Sin, a dúirt sé, ceann de phribhléidí na paitinne [lena bhairnéadacht]: agus mar sin mhol sé gur cheart a ainm a chur isteach…Dheonaigh an Chúirt tairiscint an Uasail Blake, agus cuireadh a ainm isteach sa dara háit [ar an liosta d'ard-ghiúróirí]'.*[4]

D'athraigh an incháilitheacht do bhallraíocht den ard-ghiúiré le himeacht ama agus, mar a thugann Neal Garnham faoi deara, bhí sé 'á rialú a oiread céanna le fasach agus a bhí sé le dlí'. Bhíodh ar phainéalaithe ruílse a bheith acu sa chontae, ach bhí ról ag reiligiún, inscne, an pholaitíocht áitiúil agus fiú éad beagintinneach áitiúi i gceist.[5] D'fhágtaí Caitlicigh amach as seirbhís an ard-ghiúiré i ndiaidh 1707 nuair a dearbhaíodh le Reacht (6 Anne, caibidil VI), toisc go raibh 'slándáil an leasa Phrotastúnaigh' faoi bhagairt 'ag filleadh na bpápairí chun bheith ar ard-ghiúiréithe', as seo amach

> *'ní bheidh Phápaire ar bith ar ard-ghiúiré ar bith, ná ní fhillfidh siad chun bheith ar ard-ghiúiré, … mura ndealróidh sé … nach féidir líon leordhóthanach Protastúnach a fháil ag an am sin don tseirbhís sin.'*[6]

Bhí an cosc reiligiúnach sin i bhfeidhm go dtí 1793, cé go raibh Francis Lynch, Caitliceach, ina ard-ghiúróir in 1768 do Bhaile na Gaillimhe. B'fhéidir go raibh giúróirí Caitliceacha eile ann idir 1707 agus 1793, ach tá éiginnteacht ann go bhféadfadh sé go raibh mórán ann.[7] Fiú i ndiaidh an dlí a athrú b'annamh a iarrtaí ar Chaitlicigh bheith mar ard-ghiúróirí.

Níor raibh bean ar bith ina hard-ghiúróir in Éirinn riamh. Ní raibh cead ag mná bheith ina ngiúróirí i gcúirteanna dlí go dtí gur ritheadh The Sex Disqualification (Removal) Act in 1919, ach faoin am sin bhí ceannas glactha ag na comhairlí contae, uirbeacha agus tuaithe ar fheidhmeanna údaráis áitiúil an ard-ghiúiré.

Chinntí incháilitheacht do sheirbhís ard-ghiúiré le húinéireacht réadmhaoine seachas cónaitheacht. D'fhéadadh giúróirí bheith ar chomhlachtaí i gcontaetha éagsúla dá mbeadh talamh acu ansin. Taispeántar ar liostaí na n-ard-ghiúróirí in earrach na bliana 1828 do Ros Comáin agus Liatroim (Léaráid 3) an Captaen Thomas Tennison as Caisleán Tennison (Caisleán Chill Rónáin) mar ghiúróir sa dá chontae. Ba phearsa mór le rá é Tennison sa cheantar, agus bhí sé ina Fheisire do Mhainistir na Búille idir 1792 agus 1797.[8] Is féidir a thábhacht sa dá chontae a mheas óna áit ard ar liostaí na n-ard-ghiúiréithe – bhí sé liostaithe sa cheathrú háit do ghiúiré Ros Comáin agus sa séú háit do Liatroim.[9]

## Painéal Ard-Ghiúiré Chontae Ros Comáin, 1828-30

Tháinig roinnt liostaí de phainéil ard-ghiúiréithe slán, lena n-áirítear do Ros Comáin d'earrach 1828, earrach 1829, agus earrach 1830.[10] As na liostaí sin ba iad ard-sirriamaí a cheap Ard-Ghiúiréithe Ros Comáin, Robert Henry French (1828), Thomas Johnston Barton (1829) agus Oliver Grace (1830). Tugtar le fios le liostaí Ros Comáin go ndéantaí painéil ard-ghiúiré contae a nuashonrú gach bliain, agus go n-úsáidtí an liosta ansin le haghaidh chúirt seisiúin an earraigh agus an tsamhraidh (Tábla 2). I ndiaidh scrúdú ar na trí liosta tugtar chun suntais dinimic na polaitíochta áitiúla (Tábla 1), agus painéalaithe úra á dtabhairt isteach agus cinn eile gan roghnú gach bliain. As na sé phainéalaí déag úra in earrach 1830 bhí ceathrar ar an bpainéal in earrach 1828, agus d'fhéadfadh sé go dtagann na roghanna le roghanna polaitiúla agus sóisialta an tsirriam in oifig. Taispeántar i Léarscáil 1 áiteanna cónaithe phainéalaithe an ard-ghiúiré in earrach 1828 a bhíodh scaipthe go fairsing ar fud an chontae.

**Tábla 1. Dinimic bhallraíocht phainéal an ard-ghiúiré, Contae Ros Comáin, 1828-30.**

| Painéal an ard-ghiúiré | Painéalaithe a coimeádadh | Painéalaithe nár roghnaíodh | Painéalaithe úra | Lomlán na bpainéalaithe |
|---|---|---|---|---|
| Earrach 1828 | Ní heol | Ní heol | Ní heol | 42 |
| Earrach 1829 | 35 | 7 | 13 | 48 |
| Earrach 1830 | 37 | 11 | 16 | 53 |

Mar gheall ar an mbuíon beag as ar tarraingíodh painéil ard-ghiúiré, ní haon ionadh go raibh leanúnachas ballraíochta ann idir ardghiúiréithe i ndiaidh a chéile, agus bhíodh deacracht ag roinnt contaetha binsí a n-ard-ghiúiré a líonadh. I Ros Comáin, feicimid gur raibh 7 gcinn de na 42 painéalaí in 1828 ar na sé ard-ghiúiré idir earrach 1828 agus samhradh 1830, agus go raibh leath de na 42 air trí huaire ar a laghad (Tábla 2). Ní haon ionadh ach an oiread go raibh feisirí an chontae (Arthur French, Frenchpark agus Robert King, Rockingham) le feiceáil ar an bpainéal, agus French ceaptha chun dhá chúirt seisiúin in 1828 agus 1830. B'fhéidir go raibh baint ag an bpolaitíocht leis sin, mar gur ghlac King suíochán Stephen Mahon, ar son na gCaitliceach as Teach Bhéal na mBuillí i dtoghchán 1826. Go suntasach, ba é ceann de na giúróirí a ceapadh sé huaire The O'Conor Don of Belanagare (Owen O'Conor). Tháinig sé i gcomharbacht ar King mar fheisire i dtoghchán neamhiomaidh 1830, agus ba é an chéad ionadaí parlaiminte Caitliceach sa chontae ó pharlaimint Séamas II in 1689.[11]

Léarscáil 1. Suíomh painéalaithe an ard-ghiúiré agus baill an ard-ghiúiré i gContae Ros Comáin, earrach 1828.



## Tábla 2. Painéalaithe agus giúróirí ard-ghiúiré Chontae Ros Comáin, 1828, 1829 agus 1830.

| Ainm, cónaí | Painéal an ard-ghiúiré | | | Giúiré 1828 | | Giúiré 1829 | | Giúiré 1830 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1828 | 1829 | 1830 | Earrach | Samhradh | Earrach | Samhradh | Earrach | Samhradh |
| Arthur French, MP, Frenchpark | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ | ✓ |
| Hon. Robert King, MP, Rockingham | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | |
| Hon. S. Mahon, Strokestown | ✓ | M | M | M | M | M | M | M | M |
| William C. St George French, Cloonyquin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | |
| Sir Richard St George, Tully, Leitrim | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | |
| William Talbot, Mount Talbot | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ | |
| Thomas Tennison, Castle Tennison | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| William Robert Wills, Willsgrove | ✓ | ✓ | ✓ | | | | ✓ | | |
| St George Caulfield, Dunamon Castle | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | |
| Daniel Kelly, Cargin House | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Colonel Owen Lloyd, Rockville | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ | | | |
| Hugh Barton, Cootehall | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | | |
| O'Conor Don, Bellanagare | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Daniel Farrell, Beechwood | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| Colonel William Caulfield, Benown, Westmeath | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ | | | |
| Oliver D. J. Grace, Mantua | ✓ | ✓ | | | ✓ | ✓ | ✓ | S | S |
| Robert Goff, Carrowroe | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Denis H. Kelly, Castle Kelly, Galway | ✓ | ✓ | | ✓ | | | | | |
| Guy Lloyd, Croghan | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | ✓ | |
| Thomas Mahon Naughten, Thomastown | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| Jeffry Martin French, Toomona | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| William Mulloy, Oakport | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| Lieut. Col. Raymond Pelly, Ballybride | ✓ | ✓ | | | ✓ | | | | |
| Thomas Conroy, Strokestown | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Morgan Crofton, Abbeyview | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Jerrard E. Strickland, Loughglyn | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ |
| Owen Young, Harristown | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Coote Mulloy, Hughestown | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | |
| Arthur Browne, Newtown (Abbeytown) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Edward Mitchell, Castlestrange | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ | | | ✓ |
| Arthur Aughamuty, Kilmore House | ✓ | | ✓ | | ✓ | | | | |
| Edward Mills, Fairymount | ✓ | | | | | | | | |
| Robert Jones Lloyd, Smithhill | ✓ | | ✓ | | | | | | |

| Ainm, cónaí | Painéal an ard-ghiúiré | | | Giúiré 1828 | | Giúiré 1829 | | Giúiré 1830 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1828 | 1829 | 1830 | Earrach | Samhradh | Earrach | Samhradh | Earrach | Samhradh |
| Henry Fry, Frybrook | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ | ✓ | |
| Thomas George Digby, Drumdaff | ✓ | ✓ | | | | | | | |
| Robert Henry French, Kiltullagh | | ✓ | ✓ | S | S | ✓ | ✓ | ✓ | |
| Fitzstephen French, Frenchpark | | ✓ | | | | | ✓ | | |
| William Lloyd, Rockville | | ✓ | | | | ✓ | | ✓ | ✓ |
| Gilbert Conroy, Cloonashee | | ✓ | | | | ✓ | | | |
| John Dillon, Johnstown | | ✓ | ✓ | | | | | | |
| Barth. Mahon, Cloonfree | | ✓ | ✓ | | | | | | ✓ |
| Robert Elwood, Ballymore | | ✓ | ✓ | | | | ✓ | | ✓ |
| Barth. Mahon, Strokestown | | ✓ | ✓ | | | | | | |
| Peter O'Connor, Toomona | | ✓ | ✓ | | | | | | |
| Henry Hughes, Beechwood | | ✓ | ✓ | | | | | | |
| John Irwin, Camlin | | ✓ | ✓ | | | | | | ✓ |
| Richard W. Bond, Bondville | | ✓ | ✓ | | | | | | |
| Charles Blakeney, Hollywood | | ✓ | | | | | | | |
| T. Johnston Barton, Coote Hall | | | ✓ | | | S | S | | |
| William Lloyd, Rockville | | | ✓ | | | | | | |
| John Caulfield, Cloonfinla | | | ✓ | | ✓ | | | ✓ | ✓ |
| B. Newcomen, Camla House | | | ✓ | | | | | | |
| Denis O'Conor, Mount Druid | | | ✓ | | | | | ✓ | ✓ |
| George Plunket, Mount Plunket | | | ✓ | | | | | ✓ | ✓ |
| Gunning Plunket, Kinnard | | | ✓ | | | | | | |
| Owen Lloyd, Cloonashee | | | ✓ | | | | | | |
| John Kelly, Scregg | | | ✓ | | | | | | |
| Mulloy M'Dermott, Tubberpatrick | | | ✓ | | | | | | ✓ |
| John Irwin, Rosebora | | | ✓ | | | | | | |
| John Mitchell, Coolmine | | | ✓ | | | | | | |
| William R. Mills | | | | | | | | ✓ | |
| Edward King Tenison | | | | | | | | | ✓ |
| Edmond W. Naghten | | | | | | | | | ✓ |

Weld, *Statistical survey of Roscommon*, pp 649-53; *Roscommon and Leitrim Gazette*, 27 Márta 1830, lch. 3, 24 Iúil 1830, lch. 2.
Nóta: Taifeadadh John Caulfield mar ard-ghiúróir i samhradh 1828 ach níor liostáladh é mar phainéalaí in earrach 1828. Léiríonn 'M' marbh; Léiríonn 'S' ard-sirriam.

## Contae Ros Comáin, leithdháileadh painéalaithe agus giúróirí.

Cé go mbíodh na giúróirí seo i Ros Comáin scaipthe ar fud an chontae (Léarscáil 1), bhí giúróirí agus painéalaithe gann i mbarúntachtaí an deiscirt agus bhíodh ró-ionadaíocht acu sna trí bharúnacht ó thuaidh (an tráth sin), Baile an Tobair, Mainistir na Búille agus Ros Comáin.

Cé go mb'fhéidir go raibh ról ag an tionchar polaitiúil áitiúil ann, bhí tábhacht ní ba mhó ag baint leis an reiligiún agus dáileadh ruílse agus 'tithe móra'. In 1830, foilsíodh liosta iomlán de na 1,105 ruílseach a bhí i dteideal vóta a chaitheamh in Roscommon Journal. Taispeántar leis sin 869 toghthóir sna trí bharúnacht ó thuaidh, i gcomparáid le 236 i mbarúntachtaí Bhaile Átha Luain, Bhaile Átha Mó agus Mhaigh Charnáin i ndeisceart an chontae.

Tábla 3. Líon na ruílseach i Ros Comáin, de réir na barúnachta, Iúil 1830.

| **Barúnacht** | **Líon na ruílseach** | **Cion na dtoghthóirí** |
|---|---|---|
| Mainistir na Búille | 487 | 44% |
| Baile an Tobair | 238 | 22% |
| Ros Comáin | 144 | 13% |
| Baile Átha Luain | 189 | 17% |
| Baile Átha Mó | 25 | 2% |
| Maigh Charnáin | 22 | 2% |

*Roscommon Journal, 24 Iúil 1830, lch. 3; 31 Iúil, lch. 4.*

# Bunaíocht an Chontae

Theastódh rúnaí ó gach ard-ghiúiré chun déileáil le cúrsaí riaracháin an chontae agus a ard-ghiúiré, agus cisteoir chun airgead arna bhailiú ag bailitheoirí an chíosa, nó cánach áitiúla a fháil agus conraitheoirí a íoc. Bhíodh an rúnaí ina phríomhphointe teagmhála idir an contae agus an lucht riaracháin.

Cheapadh gach contae caomhnóir, nó cigire bóithre (ó 1817 corpraíodh a chúraimí in oifig nua suirbhéara contae[12]), séiléir, a íoctaí as cistí contae, agus séiplínigh, chun aire a thabhairt do leas morálta na bpríosúnach.[13] Roimh 1810 bhíodh séiplínigh ina n-airí ar an Eaglais Bhunaithe, ach le Prisons (Ireland) Act na bliana sin tugadh cead Séiplínigh Phrotastúnacha agus Séiplínigh Chaitliceacha a cheapadh.[14]

Taobh amuigh den dlínse arna bhforchoimeád do na hard-ghiúiréithe, d'fhostaigh gach contae oifigigh bhreithiúnacha freisin. Ina measc siúd bhí Cléireach na Corónach, a d'oibrigh mar chléireach na Cúirte Seisiúin (ina mbíodh breithiúna na gcúirteanna níos airde ar cuaird), agus a d'fhóin freisin mar rúnaí don ard-ghiúiré do ghnó coiriúil;[15] agus Cléireach na Síochána, a d'eagraíodh Seisiúin Ráithe, an chúirt díreach faoi bhun na Cúirte Seisiúin, ceithre huaire gach bliain.[16]




Grianghraif de William Filgate, Cisteoir Chontae Lú
*Le caoinchead Sheirbhís Cartlainne Chontae Lú.*

Faoi bhun an chontae in ordlathas riaracháin na hÉireann bhí an bharúntacht, ahardchonstábla ag gach ceann díobh le cúnamh (ó 1783-4) ó fho-chonstáblaí.[17] Bhíodh an t-ardchonstábla freagrach as coirpigh amhrasta a ghabháil, as príosúnaigh a iompar chuig príosúin agus seisiúin chúirte agus uathu, agus as táillí a bhailiú, lena n-áirítear na cíosanna contae agus barúntachta.

Chiallaigh neart na Gaeilge i go leor limistéar, go háirithe roimh an Ghorta, go gceapadh formhór na gcontaetha ateangairí ionas go bhféadadh príosúnaigh a labhair Gaeilge plé leis an gcúirt. Bhíodh na hoifigigh éagsúla sin ríthábhachtach do reáchtáil éifeachtach contae, ach is annamh a bhíonn siad le feiceáil i staidéir stairiúla nua-aimseartha. Ar an dea-uair, is minic gur féidir a n-ainmneacha agus a gcúraimí a rianú i leabhair thuairiscí agus i dtaifid ard-ghiúiréithe eile, a thabharfar isteach agus a mhíneofar sa dara cuid den treoir seo.

Léarscáil 2. Contae Cheatharlach ó Atlas William Petty, *Hibernia Delineatio* (1660-75): sampla breá de léarscáil chontae 'Down Survey' ón ré roimh an gcartagrafaíocht níos mionsonraithe a choimisiúnaigh na hard-ghiúiréithe.




# 1.2. Áit

Ní fhéadfadh sé gur tharla coigistiú tailte úinéirí talún Caitliceacha, agus a n-aistriú chuig Phrotastúnaigh nua-thagtha as an mBreatain le linn na tréimhse Chromalaí, gan suirbhéireacht agus mapáil fhairsing na hÉireann a rinneadh sa dara leath de na 1650í, faoi choimirce Sir William Petty. Cé go raibh siad úsáideach mar fhoinse logainmneacha, bhí na léarscáileanna Down Survey sin, mar a thugtar orthu, as dáta le fada i ndiaidh mhéadú tapa líonra cumarsáide agus thimpeallacht thógtha na hÉirinn le linn na haoise ina dhiaidh sin.

Cé gurbh chúram príobháideach é atlas foilsithe Petty, bhí a shuirbhé maoinithe ag na húdaráis Chromalacha a thomhaiseadh talamh lena coigistiú. I ndiaidh Petty, agus roimh léarscáileanna na nard-ghiúiré, ba fhiontair thráchtála iad suirbhéireacht agus foilsiú léarscáileanna contae in Éirinn. Is é an ceann is cáiliúla díobh sin léarscáil John Rocque de Chontae Bhaile Átha Cliath ar cheithre bhileog, a foilsíodh in 1760. Chuir Rocque léarscáil bhreá de Chontae Ard Mhacha le chéile le linn na tréimhse sin freisin (Léaráid 4), agus rinne Jacob Nevill ceann do Chontae Chill Mhantáin, agus bhí léarscáil Noble agus Keenan de Chontae Chill Dara ann níos luaithe fós, in 1752.

**Léaráid 4. Suirbhé John Rocque ar Chontae Ard-Mhaca, 1760, don Ard-Ghiúiré.**




*Le Caoinchead Bhailiúchán L. Brown.*

Sa bhliain 1774, thug an pharlaimint i mBaile Átha Cliath cumhacht go sonrach do na hArd-Ghiúiréithe cáin a thiomsú chun suirbhéanna agus priontáil léarscáileanna do gach contae a mhaoiniú (Léaráid 5). Cuireadh tús leis an obair beagnach láithreach i roinnt contaetha, agus foilsíodh léarscáil John Lendrick de Chontae Aontroma ar cheithre bhileog in 1780. Is cosúil go bhfuil cuma beagnach measartha ar an saothar breá sin i gcomparáid leis an méid a tháinig ina dhiaidh sin, foilsíodh léarscáil Henry Pelham de Chontae an Chláir, ar 12 bhileog in 1787. Bhí sé beartaithe go ndéanfaí léarscáil Pelham a cheangal agus a chur ar taispeáint taobh thiar den ard-ghiúiré agus plé á dhéanamh acu ar thuairiscí agus ar ábhair eile. Ag thart ar 3.25 méadar cearnógach, bheadh an léarscáil ar an doiciméad ba mhó a chonaic ball den phobal riamh. Féachadh leis an léarscáil, ina raibh gach eolas cothrom le dáta ar thopagrafaíocht an chontae, cumhacht an ard-ghiúiré a mheas agus tábhacht bhunaíocht an chontae a léiriú.

> *“there are few things in Ireland which astonish a stranger more than the magnificence of its many excellent roads”*
>
> — Edward Wakefield, 1812

Agus é beagnach dosheachanta, cuireadh ar chumas gach ard-giúiré leis na léarscáileanna a gradam féin a chur in iúl dá chomharsana, agus thosaigh an tionscadal ‘léarscáil na nArd-Ghiúiréithe’ saol níos costasaí agus thar a bheith casta dá chuid féin. Ba é William Larkin údar ba mhó an tseánra agus sholáthair sé léarscáileanna do sé cinn de na sé chontae is fiche a cuireadh i gcló ag baint úsáid as cistí poiblí (Léaráid 6). Sholáthair Larkin léarscáileanna don Iarmhí (1808), don Mhí (1817), do Phort Láirge (1818) agus do Ghaillimh, do Liatroim agus do Shligeach (1819). Ó 1784 i leith bhíodh ar ard-ghiúiréithe a léarscáil contae ‘a chur suas, agus a choinneáil i gcónaí le linn na cúirte seisiúin i seomra an ard-ghiúiré sa chontae sin’.[18]

Léaráid 5. Is féidir táillí léarscáileanna contae a ghearradh ar an gcontae (13 & 14 Seoirse III, c. 32, cuid 22.).

XXII. And be it further enacted by the authority aforeſaid, that it ſhall be lawful for the grand jury of any county at the aſſize by preſentment to raiſe ſuch ſum of money, as they ſhall think fit, not exceeding one hundred pounds in the whole for an accurate ſurvey and map of ſuch county;

Léaráid 6. Cartús ó léarscáil Ard-Ghiúiré William Larkin de Ghaillimh, 1819.




Tugann Virginia Crossman, an t-údarás ar chóras ard-ghiúiréithe na hÉireann, dá haire:

> *In the early nineteenth century the grand jury was the most important local body in rural Ireland, empowered to raise money by means of county rates for a variety of purposes from the construction and repair of roads and bridges to the upkeep of the local institutions such as hospitals and lunatic asylums.*[19]


Tháinig méadú de réir a chéile ar fhreagrachtaí an ard-ghiúiré. Ó 1634 i leith, tháinig tógáil agus deisiú droichead faoi choimirce chúirt seisiúin an chontae, a mhaoiníodh an contae,[20] ach bhí an fhreagracht as mórbhealaí a chothabháil faoi na paróistí ó 1615 i leith. Uaidh sin amach, cheanglaíodh ar pharóistigh sé lá saothair saor in aisce a sholáthar ag

deisiú bóithre áitiúla, agus bhíodh ar pharóistí maoirseoirí a cheapadh. Bhíodh an córas sin ag brath ar chomhoibriú na bparóisteach agus thagadh go leo deacrachtaí chun cinn. I mórán áiteanna, bhí an Eaglais Bhunaithe ró-lag ó thaobh riaracháin de chun an fhreagracht sin a chomhlíonadh. Sa bhliain 1705, faoi reacht úr, d'fhéadtaí paróistí a ionchúiseamh i gcás go dteipfeadh orthu a mórbhealaí a chothabháil, agus cheapadh an t-ard-ghiúiré na maoirseoirí.[21]

### Léaráid 7. Ard-Ghiúiré Dhún na nGall agus tuarastal £2 á thabhairt acu do Daniel Kelly, an stiúrthóir bóithre do Chill Mhic Réanáin, 1756-7.

**Cothabháil bóithre i gContae Dhún na nGall sna 1750í.**

Is féidir linn an próiseas sin a fheiceáil i gContae Dhún na nGall ag cúirt seisiúin an tsamhraidh in 1756 (6 Meán Fómhair) nuair a íoctaí £14 chun tuarastal bliantúil £2 le stiúrthóir na mbóithre i seacht bparóiste éagsúla a chlúdach, an tuarastal a ngearrtaí i gcoinne na bparóistí mainneachtana. D'fhéadtaí stiúrthóirí a cheapadh ar go leor paróistí. Fuair Daniel Kelly £6, as a chuid oibre i bparóistí Chluain Dá Chorcach, Chill Mhic Réanáin agus Thulacha Beigile, agus íoctaí £4 le David Ramsey chun oibreacha bóthair a stiúradh i bparóistí Achadh nUinseann agus Chonbhála. Sa tuairisc do thuarastal £2 Kelly as a chuid oibre i gCill Mhic Réanáin (Léaráid 7) taispeántar an próiseas íocaíochta: bhíodh an táille £2 le bailiú ón bparóiste agus le híoc le cisteoir an chontae, agus d'íoctaí le Kelly ansin é. Tabhair faoi deara, áfach, go raibh an íocaíocht faoi choinne 'thuarastal na bliana seo caite', mar sin b'éigean do Kelly fanacht bliain iomlán sula bhfuair sé a íocaíocht. An bhliain dar gcionn, i mí an Mhárta 1757, b'éigean d'ard-ghiúiré Dhún na nGall ní hamháin stiúrthóir ar na mórbhealaí a cheapadh, ach beirt mhaoirseoirí a cheapadh freisin ar na mórbhealaí i bparóiste Theampall Cróine, ina dhiaidh sin ba iad ard-ghiúiréithe in ionad an pharóiste a cheapadh maoirseoirí na mórbhealaí de ghnáth. Bhí ag teip ar an seanchóras cothabhála bóithre a bhí bunaithe ar an bparóiste.


We present the Sum of Two pounds Ster.
to be Levied in the usual Manr. off the In-
habitants of the Parish of Killmacranan
& pd. to the Treasr. & by him pd. to
Danl. Kelly for his last years sallary
director of the Roads for sd. Parish 2

*Cartlann Chontae Dhún na nGall, GJ/1/1.*

Mar gheall ar an laige sa seanchóras paróiste maidir le cothabháil bóithre bhí gá le reachtaíocht úr. Rinneadh mionleasuithe le reacht 1759 ('Acht chun na Dlíthe um dheisiú mórbhealaí a athrú agus a leasú), tríd an gceanglas saothar saor in aisce a athrú, na maoirseoirí a íoc agus ról an ard-ghiúiré a shoiléiriú.[22] Tugadh athruithe níos radacaí isteach in 1765 nuair a rinneadh an fhreagracht as bóithre a thógáil agus a chothabháil a aistriú ón bparóiste chuig an ard-giúiré, agus ba iad na contaetha nó na barúntachtaí aonair a íocadh na costais airgeadais seachas paróistí aonair.[23] Míníonn an ról sin a bhí ag méadú i gcothabháil bóithre, an fáth ar thosaigh ard-ghiúiréithe ag fostú cartagrafaithe chun suirbhéanna mionsonraithe a dhéanamh.


Léaráid 8. Léarscáil an Ard-Ghiúiré, Contae na Gaillimhe: comharsanacht Uachtar Ard.



Is iad léarscáil Larkin de Ghaillimh (Léaráid 8) agus léarscáil William Bald de Mhaigh Eo (1830) na samplaí is fearr de léarscáileanna ard-ghiúiréithe. Tá an dá cheann níos mó ná trí mhéadar ar leithead agus, cosúil leis na cinn eile, foilsíodh iad sna tithe b'iomráití i Londain. Nuair a cuireadh léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis ar fáil sna 1830í, áfach, tháinig deireadh le ré na léarscáile contae, agus thosaigh na hard-ghiúiréithe, nach raibh ábalta údar a thabhairt le soláthar leanúnach léarscáileanna contae, ag infheistiú sna cairteacha ardchaighdeáin.

Ag cúirt seisiúin an earraigh in 1837 i gContae Dhún na nGall, mar shampla, d'fhaomh an t-ard-ghiúiré dhá fhoireann léarscáileanna úra Suirbhéireachta Ordanáis a chosain £344: 15, 'ceann amháin acu déanta i mbarúntachtaí ar sprion-rollóirí do Sheomra an Ard-Ghiúiré' agus 'ceann eile de gach barúntacht i gcásanna iniompartha '(Léaráid 9). Tá na léarscáileanna suirbhéireachta ordanáis sin fós faoi choimeád Leabharlann Chontae Dhún na nGall inniu. Cé gur baineadh an chúis le suirbhéanna contae mar gheall ar an tSuirbhéireacht Ordanáis, tá taifead cartagrafach iontach d'Éirinn roimh thréimhse an Ghorta againn, arna sholáthar ag suirbhéirí, greanadóirí agus foilsitheoirí léarscáileanna den scoth.

Léaráid 9. Cheannaigh Ard-Ghiúiré Dhún na nGall de léarscáileanna OS 6 horlaí, 1837.



Lifford Lent assizes 1837
Resolved on inspection of the Ordnance Survey Maps of
this County that we approve of the same and dir[ect]
Messrs Hodges & Smith to furnish us with two sets
Viz one made up in Baronies on Spring rollers for
the Grand Jury Room as per estimate and plan
submitted to us, and one other of each Barony Comp[lete]
in portable cases with folding margins for Road Sp[...]
the entire cost thereof to be £344.15.0 one half to
be raised off this County at next assizes and the other half at
the next following assizes the Maps to be forwarded to our
Secretary on or before the first of July 1837

*Cartlann Chontae Dhún na nGall, GJ/1/7.*

Mar gheall ar bhóithre feabhsaithe rinneadh an taisteal le haghaidh achair fhada níos éasca, rud a spreag teacht isteach an leabhair taistil agus iompair. Chonacthas Léarscáileanna George Taylor agus Alexander Skinner *Maps of the roads of Ireland*, den chéad uair in 1786, agus tháinig *Post-chaise companion* mionsonraithe William Wilson ina dhiaidh sin (Léaráid 10). Níos lú ná caoga bliain i ndiaidh do na hard-ghiúiréithe freagracht a ghlacadh as na bóithre, shonraigh an t-údar, Edward Wakefield, 'le feabhas ginearálta na mbóithre, trí bhíthin tuairiscí ón ard-ghiúiré, tugadh isteach an carr rothaí sna codanna is fearr den tír' agus 'gur beag rud in Éirinn a chuireann iontas ar strainséir níos mó ná áilleacht a mórán bóithre den scoth'.[24]

In ainneoin lochtanna iomadúla, bhí ról mór ag na hard-ghiúiréithe i bhfeabhsú bhonneagar cumarsáide na hÉireann, agus chuir siad le mothú áite a bhí ag fás i measc an daonra.

Léaráid 10. Caisleán an Bharraigh go Partraí, Co. Mhaigh Eo. Atlas bóithre Taylor agus Skinner (ar chlé) agus cuntas *Post-chaise companion* (ar dheis).




From *Castlebar* to *Galway*, by *Shrule*.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Partree, | *Mayo* | — | 9 |
| Ballinrobe | | 5 | 14 |
| Kilmain | | 4 | 18 |
| Shrule | | 3¾ | 21¾ |
| Cahirmorres, | *Galway* | 6½ | 28 |
| *Galway* | | 10¾ | 38¾ |

On the L. of Castlebar, is a fine seat of Lord Lucan; and three miles from it on the L. is Kilboyne, that of Mr. Chambers; and near a mile further, Kinturk, that of Mr. Burke.

Within a mile of Castle Burke are the ruins of the very antient abbey of Ballintobber. The part that yet remains entire of this venerable structure exhibits a fine specimen of Gothic architecture; the rafters, if they may be so termed, being formed of hewn stone, indented into each other in a very singular manner.

Within two miles of Partree, and near a mile on the L. are the ruins of Castle Burke; and a mile farther, on the side of Lough Carra, is Castle Carra, the seat of Mr. Lynch.

# 1.3. Cumhacht

Ina *Account of Ireland, Statistical and Political*, rinne Edward Wakefield cur síos ar an ard-ghiúiré mar 'sórt parlaiminte contae ina mbíonn fonn mór ar líonta daoine suíochán a bheith acu', ach bhí an stocaireacht shoiléir a thuairiscigh sé i measc giúróirí ionchasacha i bhfad ó dhínit na parlaiminte:


> *'Gentlemen, desirous of being on this jury … are present in the town on the morning when the assizes commence, leaving their cards with the sheriff; who, in court, calls over such names as he chooses to select, and the first twenty-three who answer, are immediately sworn in.'*[25]

Bhíodh deacracht ag roinnt contaetha giúiré iomlán a líonadh. I gContae an Rí (Uíbh Fhailí), ba iad na príomh-thiarnaí talún na Tiarnaí Digby, Ross agus Charleville a raibh úinéireacht acu ar an oiread sin den chontae 'go raibh ganntanas i measc na sealbhóirí talún eile chun ard-ghiúiré a chur le chéile, agus ar an gcuntas sin bíonn sé deacair uaireanta ceann a chruthú'.[26] Idir 1727 agus 1852, ba mhinic ar theip ar an Iarmhí na 23 giúróir riachtanach a bhailiú; in earrach 1760 níorbh fhéidir leis an gcontae ach 13 ghiúróir a bhailiú, agus 14 i samhradh 1766 (Léaráid 11). I gcéad leabhar tuairiscí an ard-ghiúiré i nDún na nGall (1753-68), níl ach 21 giúróir liostaithe do sheisiún an earraigh in 1761 agus 17 d'earrach na bliana 1765. Níl ach ceathrar giúróirí liostaithe do shamhradh 1764, ach ní féidir gur léiríonn sé sin an fíorsheisiún mar go bhfuil 'toradh ó níos lú ná dáréag ard-ghiúróir mícheart'.[27] Ní raibh ach sé dhuine dhéag ar ard-ghiúiré Chiarraí in 1729; Bhí naoi ngiúróir déag i ngiúiré samhraidh Chill Mhantáin 1712.[28]




Leabhair Cheisteanna Ard-Ghiúiré (1882-1891), Contae Lú
*Le caoinchead Sheirbhís Cartlainne Chontae Lú*

Léaráid 11. Líon na n-ard-ghiúróirí a d’fhreastail ar 218 suíonna cúirte seisiúin san Iarmhí, earrach 1727 - earrach 1853.




*98 Buidéal Champagne*
*37 Buidéal Claret*
*28 Buidéal Póirt*
*43 Buidéal Seirise*


– Cúirt Seisiúin an Earraigh in 1872
Cuntas Dinnéir Ard-Ghiúiré Dhún na nGall

Léaráid 12. Cuntas Dinnéar Ard-Ghiúiré Dhún na nGall, earrach 1872

**An chúirt seisiúin mar chruinniú sóisialta**

D’fhéadfadh sé go raibh atmaisféar cóisire i réim ag cúirt seisiúin an earraigh in 1760 san Iarmhí, agus gan ach 13 ghiúróir ag freastal uirthi agus tháinig an Príomh-Bhairnéad Mountenay chuici agus é ar meisce.[29] B’fhéidir go raibh Mountenay ag léiriú an ‘scléip a bhíonn corruair i réim sa chúirt cheartais in Éirinn’ rud a thug Edward Wakefield faoi deara.[30]

Bhíodh an ‘scléip’ ina gné de chruinnithe ard-ghiúiréithe. I leabhar ‘Cuntas Dinnéar’ do Dhún na nGall (1867-1899) tugtar an caiteachas ar dhinnéir, lón, fíon agus biotáillí. Sna fiche cúirt seisiúin idir earrach 1868 agus samhradh 1877, ba é 122 buidéal an méid ba lú a óladh acu. Bhí an ócáid óil ba mhó ar siúl in earrach 1872, ag ar óladh 236 buidéal, lena n-áirítear champagne (98 buidéal), claret (37), agus seiris ghealbhuí (43) (Léaráid 12). Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, go raibh ar na giúróirí íoc as a gcuid bia agus deochanna féin.


Spring Assizes 1872
Donegal Grand Jury Dinner account
Dinner Bill

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Feby 29th | 28 Dinners at 11/- | 15 | 8 | .. | | | |
| Mar 1st | 29 " " | 15 | 19 | .. | | | |
| 2nd | 18 " " | 06 | 8 | .. | | | |
| 3rd | 19 " " | 10 | 9 | .. | | | |
| 4th | 25 " " | 13 | 15 | .. | | | |
| | Allowance for Emp! | 5 | .. | .. | | | |
| | Lights | 1 | .. | .. | | | |
| | Ice | 1 | 10 | .. | | | |
| | Waiters (2 extra days) | 5 | 15 | .. | | | |
| | Lunch for Judges on 3rd & 4th | | 10 | .. | 95 | 14 | .. |
| | Wine acct | | | | | | |
| | 98 Bottles champ. at 5/6 | 26 | 19 | .. | | | |
| | 37 " Claret " 5/6 | 10 | 3 | 6 | | | |
| | 28 " Port " 4/- | 5 | 12 | .. | | | |
| | 25 " B Sherry " 4/- | 5 | .. | .. | | | |
| | 43 " P Sherry " 3/6 | 7 | 10 | 6 | | | |
| | 4 " Light Claret " 1/8 | | 6 | 8 | | | |
| | 1 " Brandy | | 5 | .. | 55 | 16 | 8 |
| | | | | | £151 | 10 | 8 |

I bhformhór na gcontaetha, bhí an t-ard-ghiúiré á rialú ag dornán de na sealbhóirí talún ba mhó tionchair. Tugann Wakefield cuntas cáinteach ar imeachtaí laistigh de sheomra an ghiúiré:

> *'The grand jury have the power of raising and expending immense sums of county money … A man of large property stands at the head of the list, and each succeeding member has a station assigned by the political barometer, according to his weight. At the bottom of the list comes those who hold qualifications under the great man; and, if their patron be desirous to have a new road made for his private accommodation … they must vote as their patron and instructor directs. If a sufficiency of voices can be collected to form a majority, to shew his impartiality, he never votes at all, leaving the whole to the decision of these independent country gentlemen; so that, in this manner, the most partial acts are passed, and the most flagrant abuses sanctioned, while the people are obliged to sustain these heavy burdens, and often without the hope of receiving any benefit from the proposed undertakings.'*[31]

B'annamh a bhíodh Caitlicigh ina n-imreoirí cumhachta ar ard-ghiúiréithe fiú i ndiaidh an choisc ar rannpháirtíocht Chaitliceach a thógáil in 1793. Ag tús an naoú haois déag, mar shampla, 'ní bhíonn Caitlicigh… ar an ard-ghiúiré riamh' i nDún na nGall. I gContae an Dúin 'tá eastát de £3,000 in aghaidh na bliana ag an Uasal Byrne, ceannaí i mBaile Átha Cliath, arb é an t-aon cheann sa chontae ar le Caitliceach é, agus ar leor é chun cáiliú le bheith ar an ard-ghiúiré'. Fiú i gcontaetha nach raibh iontu ach líon beag Protastúnach ní bhíodh mórán giúróirí Caitliceacha ann.


I Longfort 'tá maoin ag beirt fhear uasal Caitliceach a cháilíonn iad le bheith ar an ard-ghiúiré' agus i dTiobraid Árann 'glaodh ar sheachtar fear uasal Caitliceach Rómhánach chun an ard-ghiúiré roimhe seo, ach ó tháinig an chumhacht chun an sirriam a ainmniú faoin lámha an pháirtí Protastúnach níor roghnaíodh duine amháin acu'. Fiú i gCiarraí, áit a raibh an t-úinéir talún ba mhó ina Chaitliceach, Lord Kenmare, agus 'ar le Caitlicigh eastáit mhóra eile… ní bhíonn níos lú ná cúigear nó seisear de na daoine seo [Caitlicigh] riamh ar an ard-ghiúiré'.[32]

Tugadh leasuithe ar ard-ghiúiréithe isteach le linn an naoú haois déag, go suntasach le reachtanna a ritheadh in 1817 agus 1836, lena ndearnadh rialáil ar dhlíthe a bhain le hoibreacha poiblí agus airgead poiblí a chruinniú agus a chaitheamh, ach bhí líomhaintí éillithe agus barrachais fós ann.[33] Lean eisiamh fíorúil Caitliceach ó sheomraí ard-giúiréithe na hÉireann go dtí na 1890í nuair a admhaíodh go raibh an córas 'neamhleor anois - níl sé ar aon dul le sprid na haoise a thuilleadh, agus ní féidir é a choinneáil i bhfad níos faide'.[34] Theastaigh cur chuige nua i leith rialtas áitiúil in Éirinn go práinneach a thiocfadh le cur chuige an rialtais Choimeádaigh 'Killing Home Rule with kindness' agus rud a thabharfadh Éire ar aon dul le hathchóirithe níos luaithe sa Bhreatain.[35]

Teach Cúirte Thulach Mhór, ard tosaigh, 1833.
*Le caoinchead Chartlann Uíbh Fhailí*



Cúirt seisiúin a tionóladh i nDroichead na Bandan, Contae Chorcaí, 1688
*Le caoinchead Sheirbhís Cartlainne Chathair agus Chontae Chorcaí*


Com Cork: Att an Assiz held at the Kings old Castle neere Cork: 9th Aprl 88

Whereas ye Grand Jury att ye sd Assiz did psent yt the Sume of one hundred twenty Eight pounds one Shilling & ten pence halfe peny ster be raysed on the Severall townes & Barronys of the sd County to be apportioned by Thady Callaghane Treasr according to the deficyency of the yeares value on the respective townes & Barronyes of the sd County the Same being Soe apportioned to be Collected by the respective high & petty Constables of the sd County by way of Distress if neede bee & paid to the Treasr to be by him pd to & for ye Subsequent uses viz the Sume of fowre pounds ten Shillings ster for Smiths worke done for the County Goale & County Court the Sume of one pound Eleaven Shillings & Six pence for Coopers worke done for the prisoners in the County Goale the Sume of five pounds ten Shillings ster to the glasier for worke done by him for the County Court, Six Shillings to the painter for Collering the Seates & Benches of the Court house for Tylers worke for the Said Court the Sume of one pound ster, for Joyners worke & for dale for the sd Court house & the gate the Sume of five pounds ster to the Carpenter for mending the roofe of the sd County Goale & for Severall other Jobbs for the Same ye Sume of fowrteene pounds ster for other Contingences about the sd Goale the Sume of five pounds ster for the repaire of Mayallow bridge the Sume of forty pounds ster to be pd by the Treasr to the former overseers viz David Meagh & Stephen Keane ye Sume of Eight pounds ster to Robert Barry Thomas Harris & John Parsons for takeing two notorious felons & torys the Sume of thirty pounds ster to Thady Callaghane Treasr for his halfe yeares Sallary Ending 9th Apr Instant for building a gate & wall for the County Court the Sume of twelve pounds ster to be paid to Cornelius Crosse and Henry Springer Esqrs who are apointed overseers of the sd worke: for Iron for the Court house & Goale Eighteene Shillings & fowre pence halfe peny & for nayles for ye Court house Six Shillings ster Upon reading the sd presentmt It is ordered by the Court that the Same be in all points Confirmed whereof all psons Concerned are to take notice at their perills

Signed by ordr of Court
Jon Morris Cl Crown

Upon apportioning of the above Sume of the 128li 01s 10½d ster pursuant to the Warrt of the above warrt wch is a true Coppie of the originall examined by me the proportion of the towne and Liberties of Bandon thereof according to the deficiencys of the yeares value amounts to the Sume of one pound five Shills and [illegible] pence ster, wch I desire you will order may be equally applotted, & forthwith Collected and Leavyed and paid in to me without delay


p Order ster
Thad: Callaghane Treasr

To Teigh Macarthy Esqr
Provost of Bandon

4

Bandon

CU37/A/1/14




# Cuid 2:

# Foinsí don Ard-Ghiúiré in Éirinn

# 2.1. Scriosadh agus Marthanas

## ‘Bladhaire a chonacthas tríd an díon gloine’

Osclaíodh teach cúirte nua-chlasaiceach iontach Chorcaí i Sráid Washington in 1828. D’úsáidtí é mar theach cúirte na cathrach, agus freisin mar phríomhstór do thaifid chathair agus chontae Chorcaí. Osclaíodh cúirt seisiún an earraigh in 1891 sa teach cúirte Dé Sathairn 21 Márta, ach bheadh na fíorsceitimíní ag an triail ‘Círéib Thiobraid Árann’ a thosaigh an Mháirt dar gcionn os comhair ‘giúiré cathrach speisialta’. Bhí an teach cúirte pacáilte ar gach ceann dá trí lá ag triail cúigear fear, go háirithe toisc gur iompraíodh na Feisirí a bhí i gcoinne Parnell, William O'Brien (Oirthuaisceart Chorcaí) agus John Dillon (Maigh Eo Thoir) ó Phríosún na Gaillimhe le bheith i láthair mar fhinnéithe.[36]

Tráthnóna Dé hAoine bhí thart ar 500 duine i láthair chun éisteacht leis an mBreitheamh Monroe ag déanamh achoimre ar an bhfianaise nuair a ‘chonacthas an bladhaire tríd an díon gloine’.[37] Rinneadh an foirgneamh a aslonnú go pras gan aon bhásanna, ach laistigh de chúpla uair an chloig bhí sé ina fhothrach. Rinneadh iarrachtaí scaollmhara cuid de na taifid a bhí lonnaithe san fhoirgneamh a shábháil agus tugadh roinnt taifead den ard-ghiúiré amach, ach bhí scála na gcaillteanas ollmhór. Aistríodh an méid a tháinig slán go dtí an Oifig Taifead Poiblí ina dhiaidh sin, áit ar dódh iad i ndóiteán 1922.

Laistigh de dhá mhí ó thine Chorcaí, eisíodh ordú go lárnach go raibh taifid na Corónach agus na Síochána le haghaidh ocht gcontae déag, lena n-áirítear dhá Thrian i gCorcaigh, le haistriú chuig an Oifig Taifead Poiblí i mBaile Átha Cliath. Faoi dheireadh 1891 bhí a gcuid taifead aistrithe ag mórchuid na gcontaetha, ach bhí sé rómhall i gcás Chorcaí, i gcás gur ‘Shonraigh cléirigh na Corónach agus na Síochána le haghaidh Thrianta Thoir agus Thiar Chorcaí gur dódh a gcuid taifead go léir sa tine mhór i dteach cúirte Chorcaí i Márta 1891’.[38] Maidir le triail na Círéibe, tháinig sé chun críche an lá i ndiaidh na tine i seomra ranga sa Mhodhscoil, Sráid Anglesea, gan aon chiontuithe.[39]

In Oifig na dTaifead Poiblí in Éirinn, cuireadh na taifid chontae ó ard-ghiúiréithe ar fud na hÉireann i bhfoirgneamh ar a dtugtar an ‘Taisce Taifead’ - foirgneamh sé stór os cionn an íoslaigh laistigh d’ionad na gCeithre Cúirteanna. Osclaíodh an ‘Taisce Taifead’ in 1867, agus ba ghearr go raibh an foirgneamh á líonadh le taifid, ach go dtí na 1890í bhí an chuid is mó den urlár uachtarach fós folamh.

Péintéireacht le Eugene McSwiney ina léirítear tine Theach Cúirte Corcaí in 1891.
Tá an phéintéireacht crochta anois i dTeach Cúirte Chorcaí.
*Le caoinchead Theach na Cúirte, Sráid Washington, Cathair Chorcaí*




I ndiaidh 1891, taispeántar i bpleananna scéimre foilsithe den Taisce Taifead go ndéanfaí taifid chontae a stóráil den chuid ba mhó sna bánna folmha sin ar Urlár 6. Mar shampla, cuireadh taifid chontae Ard Mhacha, na Mí, Chontae na Banríona, Thiobraid Árann, Loch Garman agus Chill Mhantáin ar sheilfeanna ar Urlár 6, Bá H (Léaráid 13). Bhí taifid chontae eile lonnaithe i dTeach an Chustaim, Baile Átha Cliath. Le dó Theach an Chustaim ar an 25 Bealtaine 1921 agus scriosadh na Taisce Taifead ar an 30 Meitheamh 1922 cailleadh cuid mhór taifead áitiúil de gach cineál.

D'fhéadfadh míniú a thabhairt leis na tubaistí comhleanúnacha sin ar an bhfáth go bhfuil taifid ard-ghiúiréithe anaithnid den chuid is mó. Is cosúil go nglacann go leor taighdeoirí leis gur beag a tháinig slán, agus gur beag an tsuim atá ag an staraí sa mhéid atá fágtha, go háirithe nuair a chuirtear i gcomparáid le foinsí níos eolaí é, amhail nuachtáin, Taifid um Dhlí na mBocht agus Páipéir Pharlaiminteacha.

Tá an tuiscint sin mícheart. Cé go bhfuil sé fíor gur cailleadh na mílte taifead ar ard-ghiúiréithe in 1922, agus go bhfuil na taifid a tháinig slán easnamhach, tá sé á nochtadh le taighde comhoibritheach leanúnach gur tháinig i bhfad níos mó ná mar a cheaptar go forleathan slán. Coinnítear go leor de na taifid sin sa cheantar áitiúil agus tá fáil orthu trí sheirbhísí cartlainne áitiúla nó mar chuid de bhailiúcháin náisiúnta.

Is foinsí torthúla iad na taifid ard-ghiúiréithe sin a tháinig slán don staraí áitiúil nó réigiúnach, ina soláthraítear léargas uathúil ar ghnéithe éagsúla de shochaí na hÉireann san am atá thart. Toisc go mbaineann siad go sainiúil leis an gcontae agus leis an mbarúntacht, cuireann siad faisnéis mhionsonraithe ar fáil maidir leis na gcaidreamh sóisialta laistigh de phobail agus eatarthu, lena n-áirítear raon fianaise a chur i láthair maidir le coireanna, bochtaineacht agus leas, forbairtí bonneagair, ordú eacnamaíoch, agus go leor topaicí eile ar díol spéise iad do thaighdeoirí.

**Léaráid 13. Dhéanfaí taifid Chontae Chill Mhantáin a stóráil i mBá 6H in Oifig na dTaifead Poiblí in Éirinn, agus bhí leabhar tuairiscí ann do 1712-30.**




*NLI ms 7227; An séú Tuarascáil is fiche ó Leas-Choimeádaí na dTaifead Poiblí agus Choimeádaithe na bPáipéar Stáit in Éirinn, (1894) scéimre Stát na mBánna.*

# 2.2. Taifid Shibhialta: leabhair thuairiscí agus sleachta, leabhair cheisteanna agus airgeadas


Tá na taifid ard-ghiúiréithe is mó aithne sna leabhair thuairiscí agus sna leabhair cheisteanna. Bhíodh rúnaí an ard-ghiúiré freagrach as a chinntí a thaifeadadh ag an gcúirt seisiúin, agus chuirfí iad sin isteach de láimh de ghnáth, in imleabhar láidir. Tháinig roinnt imleabhar lámhscríbhinní slán, lena n-áirítear le haghaidh go leor contaetha i gCúige Uladh, agus le haghaidh an Chláir, Chill Dara, an Longfoirt, na Mí agus Loch Garman. Faoi dheireadh an ochtú haois déag, soláthraíodh líon beag imleabhar clóite de thuairiscí. Níl sé soiléir cé acu ar thosaigh gach contae ag cur a thuairiscí i gcló ag an am céanna nó cá mhéad cóip a rinne siad.

Cuireadh caoga imleabhar den imleabhar clóite is luaithe a mhaireann do Chontae Chill Mhantáin (1793) i gcló. Tugadh dhá chóip do gach ard-ghiúróir, ag fágáil ceithre cinn ag an gcléireach. Tháinig ceann amháin ar a laghad de na himleabhair sin slán.[40] Chuir an Cabhán a thuairiscí do shamhradh 1792 i gcló, bhí a thuairiscí á gcur i gcló ag an gClár ó earrach 1799 ar a laghad, agus ag Cill Chainnigh ó earrach 1803 ar a laghad.[41] Téann dátaí na n-imleabhar clóite is luaithe de chuid an Longfoirt a tháinig slán siar go dtí earrach 1817, cé gur cosúil gur thosaigh sé ag cur a thuairiscí i gcló ó shamhradh 1800.[42] D’fhaomh cúirt seisiúin earrach 1801 Chontae Chill Chainnigh íocaíocht £52: 10: 9 le Catherine Finn as priontáil agus stáiseanóireacht.[43] Chuir Contae na Banríona 300 cóip dá thuairiscí samhraidh in 1813 i gcló, ar tháille £25.[44]

Tagann dhá cheist chun cinn: Cad is leabhar thuairiscí ann? Agus cad chuige ar chuir na contaetha go leor dua agus caiteachais orthu féin agus chun iad a chur i gcló. Cinntí ba iad tuairiscí ón ard-ghiúiré, agus bhainfeadh siad go hiondúil le tograí chun cánacha áitiúla (an cíos) a chaitheamh a d’fhaomhadh an t-ard-ghiúiré agus a d’údaraíodh (‘d’ordaíodh’) an breitheamh ag an gcúirt seisiúin. Chuirtí sceideal tuairiscí, nó ‘liosta fada’ de gach iarratas ar chaiteachas ar fáil roimh an gcúirt seisiúin, ansin dhéanadh Cléireach na Corónach an ‘gearrliosta’ d’oibreacha ceadaithe a bhreacadh síos i leabhar lámhscríbhinní. Maireann samplaí iontacha le haghaidh go leor áiteanna, lena n-áirítear Carraig Fhearghais, an Clár, Cill Dara, an Longfort agus Loch Garman. Chuirtí na tuairiscí ceadaithe i gcló mar Shleachta Tuairiscí, agus chuir roinnt contaetha a n-imleabhair chlóite ar fáil go digiteach, lena n-áirítear Dún na nGall, Luimneach, Lú agus Cill Mhantáin. Tugadh seisiúin tuairiscí barúntachta isteach in 1819 chun cuntasacht a fheabhsú.[45]

Chuimsíodh cuntais ar chaiteachas d’obair a cuireadh i gcrích i leabhair cheisteanna. Tá sé tábhachtach a chuimhneamh nach gciallaíonn na tuairiscí i leabhar tuairiscí ach gur ceadaíodh caiteachas; ní gur críochnaíodh an obair. Thugtaí ‘ceisteanna neamhscaoilte’ ar thuairiscí nár tugadh fúthu.

Léaráid 14. Leathanach teidil le haghaidh sleachta tuairiscí Chontae Luimnigh, earrach 1810.



County of Limerick.

AT

SPRING ASSIZES, 1810.

HON. SIR WILLIAM SMITH, } JUSTICES.
HON. JUSTICE DAY,

Trí sleachta na dtuairiscí a chur i gcló chinntí go raibh trédhearcacht sa phróiseas cánachais, agus na híocóirí cíosa ábalta na méideanna a bhí á gcaitheamh agus an méid a ghearrfadh an bailitheoir cánach a fheiceáil. I gcásanna neamhchoitianta, tá a fhios againn cé a fuair cóipeanna de na himleabhair chlóite. In imleabhar earrach 1817 Thiobraid Árann, mar shampla, liostaítear ainmneacha 239 áitritheoir, fir ar fad, a fuair cóip, agus tá liosta lámhscríofa d'fhaighteoirí i gcóip ar líne de thuairiscí earrach 1815 do chathair Chill Chainnigh.[46]


## Ábhair leabhair thuairiscí

Cuimsítear neart faisnéise faoi go leor gnéithe de shochaí chontae i leabhair thuairiscí. Ba ghnách go ndéantaí leabhair thuairiscí chlóite, na taifid is coitianta a mhaireann, i bhformáid réasúnta caighdeánach.

Liostaítear i bhformhór na leathanach tosaigh ainmneacha na mbreithiúna, an ard-shirriam, baill an ard-ghiúiré, agus dáta na gcúirteanna seisiúin. Ina dhiaidh sin, liostáiltear na tuairiscí. Bhíodh roinnt de na tuairiscí inmhuirir i gcoinne an chontae ar fad (a mhaoiníodh gach íocóir cíos) agus bhí cuid eile inmhuirir i gcoinne na barúntachta áitiúla (maoinithe ag cáiníocóirí sa cheantar sin amháin). Chuirtí an réigiún a mbíodh cáin le gearradh air (contae nó barúntacht) in iúl go soiléir le haghaidh gach tuairisce, trí na tuairiscí a ghrúpáil faoi cheannteidil de ghnáth.

I measc na dtáillí contae bhíodh: tuarastail d'oifigigh chontae, costais phriontála contae, íocaíochtaí as príosúnaigh a iompar, maoiniú do dhroichid agus deisiúcháin ar phríomhbhóithre, agus airgead chun foirgnimh chontae a chothabháil amhail scoileanna, tithe seisiúin, otharlanna agus an príosún contae. Ghearrtaí deisiúcháin ar bhóithre áitiúla agus réigiúnacha agus íocaíochtaí ar chonstáblaí barúntachta i gcoinne na mbarúntachtaí aonair. Bhíodh réimse leathan cúraimí le feiceáil faoi thuairiscí chontae; i measc na fiosrachta suntasaí bhíodh íocaíocht as 'míolra' a mharú, lena n-áirítear dobharchúnna, meaigeanna, 'feannóga', sionnaigh agus luchóga móra (Léaráid 15).

Léaráid 15. Íocaíocht le Peter Keeffe (5 scilling) as madra uisce a mharú, Co. Loch Garman, samhradh 1818.


No.
WE present said Sum to be raised off this County, and paid to Mr
£ 0 .. 5 .. 0 Peter Keeffe for killing an Otter.


*Cartlann Chontae Loch Garman, Leabhair Thuairiscí an Ard-Ghiúiré, Contae Loch Garman, 1817-23 (WXCA/P 436).*

Taispeántar sampla tipiciúil de thuairisc i Léaráid 17, ina gceadaítear cuid ghairid den bhóthar idir Baile Átha Luain agus an Longfort a dheisiú. Ainmnítear na daoine a bhíodh freagrach as an tasc a eagrú (George Ledwith uasal agus William Sandys uasal), tá na deisiúcháin mionsonraithe (224 péirse [thart ar 1.2 km] 'den bhóthar mór' ó 'an chrosbhóthar a théann ó Bhaile Átha Luain go Baile Uí Mhatháin' go dtí an droichead ag Sruthair), agus tá dromchla an bhóthair sonraithe ('deisiú & gairbhéal a chur síos dhá throigh dhéag ar leithead'). Bhíodh an £14 riachtanach le gearradh ar an gcontae agus a sholáthar do chisteoir an chontae.

Cé go raibh údarás ag Ledwith agus Sandys an post a eagrú, ba iad oibrithe lae a dhéanadh an obair. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhféadadh ard-ghiúiré deisiúcháin a shonrú laistigh dá chontae féin, agus is gnáthrud é go bhfeictear tuairiscí a bheith á gceadú, ar an gcoinníoll go ndéanfadh contae comharsanachta tuairisc inchomparáide i gcás go dtrasnódh feabhsú beartaithe teorainn chontae.

Dhéantaí deisiúcháin phráinneacha ar dhroichid, píobáin, draenacha agus cosaintí cósta agus abhann go minic gan cead ón ard-ghiúiré, agus dhéantaí an t-airgead a éileamh ar ais ag an gcéad chúirt seisiúin eile (Léaráid 16). Íoctaí tuarastail oifigigh chontae i riaráistí i gcónaí.

### Léaráid 16. Íocaíocht as 'píobán' nó draein a dheisiú, Co. Loch Garman, samhradh 1818.




No. WE present said Sum to be raised off this County, and paid to John

£ 2 .. 10 .. 0 = Whitmore for repairing a sudden breach in a Gullet at Ballybro cross Roads, from the Fishery of Rosslare To Wexford by Order of a Magistrate.

*Cartlann Chontae Loch Garman, Tuairiscí an Ard-Ghiúiré, Contae Loch Garman, 1817-23 (WXCA/P 436).*

### Léaráid 17. Deisiúchán bóthair a údaraíodh ag cúirt seisiúin Chontae Longfoirt, earrach 1759.



44 We present the Sum of Fourteen pounds to be raised as before and paid to the treasurer to be by him paid to George Ledwith & Willm Sandys Esqs. to be by them layed out in repairing & gravelling twelve feet wide Two Hundred and twenty four perches of ye great road leading from Athlone in ye County of Westmeath to Longford in sd County beginning at ye Cross road leading from Athlone to Ballymahon & ending at ye bridge of Shrule — ye sd George Ledwith & William Sandys overseers 14..0..0

ord

*Seirbhísí Leabharlainne agus Cartlainne Chontae an Longfoirt*

Is féidir leis na leabhair thuairiscí na céadta tuairisce a bheith iontu ina gceadaítear feabhsúcháin bhonneagair agus is léir a dtábhacht do thaighdeoirí. Má tá sraith gan bhriseadh de leabhair thuairiscí ar fáil is féidir athruithe le himeacht ama a scrúdú, ach cuirtear neart faisnéise i láthair in imleabhair aonair fiú le haghaidh taighde áitiúil, sóisialta, cultúrtha, eacnamaíochta agus staire teaghlaigh.

I dTuairisc an Chláir 1799 san earrach, mar shampla, nochtar acmhainn na bhfoinsí sin do thaighdeoirí (Tábla 4). Ar an gcéad dul síos, tugtar ainmneacha na mbreithiúna dúinn (An Breitheamh Day Uasal agus an Príomhsháirsint Daly), an t-ard-shirriam, George Studdert as Cill Chainnigh agus an t-ard-ghiúiré ar a raibh trí dhuine is fiche, inar cuimsíodh na feisirí contae, Hugh Massey, an príomhghiúiré, agus Francis Nathaniel Burton Uasal. Cé go bhféadfadh Caitlicigh a bheith ina ngiúróirí ag an am seo, is féidir linn a bheith réasúnta muiníneach go raibh an chuid is mó den triúr fear is fiche, mura raibh siad ar fad, ina bProtastúnaigh. Pléitear sna 309 tuairisc atá liostaithe san imleabhar gnéithe éagsúla den ghnáthshaol laethúil sa Chlár, ó 16 chás um chúiteamh as 'speireadh' mailíseach ainmhithe (a dteannáin ioscaide a ghearradh), go ceadú i gcomhair 100 km d'oibreacha bóthair. B'ionann an méid iomlán a ceadaíodh agus £5,576 don suí cúirte seisiúin aonair sin, thart ar €7 milliún inniu.[47] Bhí an tsuim seo measartha íseal don chontae; b'ionann an meánchíos earraigh idir 1793 agus 1804 agus beagnach £8,300, agus in earrach 1806 shroich sé £16,000.

**Tábla 4. Sleachta de thuairiscí a ceadaíodh do Chontae an Chláir, earrach 1799.**

| Barúnacht | Líon na dtuairiscí | Péirsí, bóthar | Táillí | Cáin Bharúnachta |
|---|---|---|---|---|
| Contae ina hiomláine | 76 | 0 | £1,220:4:7 ½ | |
| Bun Ráite | 34 | 2,623 | £548:5:2 | £790:11:7 |
| Boirinn | 10 | 965 | £228:15:7 | £357:2:4 ¾ |
| Cluain idir Dhá Lá | 16 | 1,527.5 | £246:6:11 1/2 | £399:3:6 ¾ |
| Corca Mrua | 19 | 1,710 | £381:19:7 | £487:8:8 ¾ |
| Uí Bhreacáin | 21 | 1,840 | £314:11:8 | £445:6:4 ¼ |
| Inse Uí Chuinn | 24 | 1,956 | £429:4:3 ½ | £749:2:0 ½ |
| Na hOileáin | 19 | 1,713 | £367:4:6 | £476:15:8 ½ |
| Maigh Fhearta | 22 | 2,625 | £483:18:10 | £602:16:2 ½ |
| An Tulach | 52 | 4,505.5 | £861:12:7 ½ | £1,268:1:4 ½ |
| Houghing | 16 | | £269:8:1 ½ | |

I measc na 309 tuairisc tá ainmneacha agus seoltaí go minic níos mó ná 350 oifigeach nó conraitheoir aonair: Ba é Giles Dixon an cisteoir contae, Daniel Finucane an coimeádaí, George Comyn Cléireach na Síochána, Thomas Bennis an t-ateangaire. Fuair a lán daoine ilchonarthaí le haghaidh deisiúchán lena n-áirítear John Ormsby Vandeleur, duine de na hard-ghiúróirí, a bhí le 1,088 péirse de dheisiúcháin bóthair dar luach níos mó ná £225 a eagrú. Dhéantaí brabús maith ar chonarthaí den sórt sin. Cháin tráchtaire amháin éilliú ar Ard-Ghiúiré an Chláir.


*Rinne cúpla ard-ghiúróir a bhí tugtha don mhaith phoiblí agus a bhí macánta iarracht an t-uafás cúigleála sin a stopadh, ach is é an toradh a bhí air sin, gur cuireadh bagairt orthu go gcuirfí in aghaidh gach rud a mholfadh siad, agus filleadh ar an tseift náireach, gach rud a d'iarr siad a chur faoi vótaíocht. Thug fear uasal amháin barrachas tuairisce ar ais [na cistí nár caitheadh]; thosaigh a chomhghiúróirí ag gáire faoi; is é sin mar atá moráltacht chontae an Chláir.*[48]

## Tuairiscí maidir le maoiniú ceadaithe

Tháinig an dualgas a bhain leis an airgead a bhailiú faoi fhreagracht bhailitheoir an chíosa, arbh é sin go minic ardchonstábla na barúntachta, le cúnamh óna fhochonstáblaí (Léaráid 18). Chaití leabhar cíosa barúntachta a ullmhú le haghaidh bailithe, is beag díobh sin a tháinig slán.


I leabhar cíosa shamhradh 1895 do Barúntacht Ghránard, Contae Longfoirt, atá ar fáil i gCartlann Chontae an Longfoirt, déantar liosta, de réir an baile fearainn, den luacháil inrátaithe agus den táille chíosa ar gach sealbhóir talún sa bharúntacht (Léaráid 19). Is féidir go leor de na hainmneacha ar liosta cíosa Ghránard a aithint go héasca i ndaonáireamh 1901, ach ba cheart nach ndéanfaí dearmad go mbíodh an cíos iníoctha ar luacháil réadmhaoine agus nach léiriú ar chónaitheacht é.

Léaráid 18. Íocaíochtaí as an ‘gcíos’ nó na cánacha contae a bhailiú, an Cabhán, earrach 1799.



| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| To James Lawder Esqr. for 23 pt. from Ballyconnell to Ballynamore Tullyhaw | Lent 99 | 6 | 0 | 6 |
| To Do. for the Sub Constables of Tullyhaw | Lent 99 | 12 | .. | .. |
| To William Nixon Sub Constable for Tullyhaw | Lent 99 | 2 | .. | .. |
| To Andw. Moffit for Collecting the publick Cess of Tullyhaw | Lent 99 | 3 | .. | .. |
| To Wm. Hogg for Collecting the publick Cess of Castlerahan | Lent 99 | 4 | 18 | 2 |

Léaráid 19. Ceaproinnt cíosa, samhradh 1895, baile fearainn Achadh Caorthainn, paróiste Cholm Cille, Co. an Longfoirt.



COUNTY OF LONGFORD


Barony of ______ Parish of ______

| TOWNLANDS and OCCUPIERS | Rateable Annual Valuation £ | s. | d. | Amount of County Cess £ | s. | d. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Aghakeeran | | | | | | |
| Patrick Brady Philips | 10 | 10 | | | 10 | 11 |
| Michl Brady | 10 | 5 | | | 10 | 8 |

# 2.3. Taifid Bhreithiúnacha: leabhair cúirte seisiúin

Tháinig cúirteanna seisiúin chun cinn i dtosach mar shuíonna breithiúnacha, rud a mhíníonn an riachtanas go bhfreastalódh dhá bhreitheamh orthu, duine díobh a bhíodh ag déileáil le cásanna sibhialta, agus an duine eile a bhíodh ag déileáil le cásanna coiriúla. Ba faoin ard-ghiúiré a bhíodh sé a chinneadh an raibh an bille díotála, nó cúiseamh i scríbhinn, i gcoinne duine cúisithe ina 'fhíorbhille' nó 'nach bille é'. Chiallaigh 'fíorbhille' gur bunaíodh cás prima facie agus go bhféadfadh an cás dul ar aghaidh.

Soláthraítear i leabhair chúirte, taifid ar na cásanna a éisteadh ag cúirteanna seisiúin, tuairimí suimiúla ar choireacht agus ar shlándáil. D'fhéadtaí líon mór cásanna a éisteacht ag suí cúirte seisiúin, agus dhéileáiltí go tapa le cásanna de ghnáth. Tugann leabhar ard-ghiúiré lámhscríbhinne do Chontae Mhuineacháin, mar shampla, mionsonraí ar sheisiúin tuairiscí agus seisiúin chúirte ó 1794 go 1831. Chun cás amháin a ghlacadh, dhéileáil cúirt seisiúin an earraigh 1811 le 96 cás, ag taifeadadh ainmneacha 111 ionchúisitheoir agus 141 duine a cúisíodh. Níl mórán sonraí ar fáil – ní thugtar ach catagóir leathan na coire agus an toradh i ngach cás. Mar sin, feicimid 54 cás um mí-iompar, 25 cás feileonachta, 10 gcás treaspáis, 3 chás éignithe agus 2 chás ionsaí, mar aon le dhá chás inar gearradh pianbhreith iompair ar fhuaidirí. Eisíodh torthaí 'fíorbhille' i 59 cás agus éigiontuithe ('gan aon bhille') i 35 cás. Bhain iompar le haghaidh fuaidireachta leis an 2 chás eile.





'Ard-Ghiúiré Chontae Lú': Imleabhar i gcumhdach leathair de reachtanna parlaiminteacha
*Le caoinchead Sheirbhís Cartlainne Chontae Lú*

Is minic gur féidir crostagairt a dhéanamh ar thaifid mar seo le cuntais nuachtáin, go háirithe i gcás gur tharraing cás suim an phobail. Rinneadh tuairisc scríofa fhairsing ar chúirt seisiúin Mhuineacháin in earrach 1811 in *Belfast Commercial Chronicle*, inar tugadh sonraí faoi na cásanna níos spéisiúla. Sa leabhar cúirte lámhscríbhinne sonraítear gur cúisíodh Mathew Hoey, Mathew Valley agus Catherine Duffy as feileonacht, ach ní thugtar aon sonraí eile ann, líonann an nuachtán an scéal mar sin féin. Ba í an fheileonacht a bhí i gceist marú John Ray. Fuarthas go raibh na cosantóirí ciontach i ndúnmharú, agus gearradh pianbhreith orthu go ndéanfaí a lámh a dhó agus go gcuirfí i bpríosún iad (Léaráid 20).

Ón nuachtán céanna faighimid amach go raibh Mary Cunningham le hiompar ar feadh seacht mbliana as deich slat de chorda an rí a ghoid, nach raibh Henry Taylor ciontach as ‘cáca a bhí measctha le cuileoga Francacha a thabhairt do Elizabeth Graham, bean shingil, a d’fhéadfadh sí a ithe, leis an rún go gcaillfeadh sí a meabhair’ agus nach bhféadfadh éileamh éignithe Susan Trenor i gcoinne Patrick M’Cann a chloisteáil mar gur theip uirthi bheith i láthair sa chúirt.[49]

Léaráid 20. Pianbhreith as dúnmharú i Muineachán, Márta 1811.



*Mathew Hoey, Mathew Vallely*, and *Catharine Duffy*, charged with the murder of John Ray, a dragoon, on the 24th of August last, at Monaghan.—Guilty of manslaughter—Hoey to be imprisoned six months, Vallely three months, and Duffy one year, and all to be burned in the hand, and to give security to keep the peace.

*Belfast Commercial Chronicle, 20 Márta 1811, lch. 4.*

# Conclúid

Cé gur choinnigh ard-ghiúiréithe feidhmeanna breithiúnacha san fhichiú haois, leis an Acht um Rialtas Áitiúil (Éire), 1898, aistríodh a gcumhachtaí cathartha chuig comhairlí contae tofa, comhairlí ceantair uirbeacha agus tuaithe, agus boird chaomhnóirí. Tionóladh toghcháin do na comhlachtaí úra sin i mí Aibreáin 1899. Bhí na comhairleoirí nuathofa le seirbhís téarma trí bliana a thabhairt.

Léaráid 21. Ard-Ghiúiré Chontae Phort Láirge, Márta 1910, deich mbliana i ndiaidh an Achta um Rialtas Áitiúil.



Bhí athrú sóisialta agus polaitiúil mar thoradh ar na toghcháin áitiúla sin. Bhí mná i dteideal vóta a chaitheamh sna toghcháin áitiúla, mar aon le gach duine a raibh vóta acu cheana féin do pharlaimint Westminster. Bhí comhdhéanamh polaitiúil chomhlachtaí rialtais áitiúil na hÉireann athraithe ó bhonn. Cé is moite de chúig chontae de chuid Uladh, ba náisiúnaithe ba mhó a bhí ar na comhairlí ar fud na hÉireann (Léaráid 22).

Thagadh ard-ghiúiréithe na hÉireann le chéile mar údaráis áitiúla den chéad uair le haghaidh chúirt seisiúin an earraigh 1899. Ceann de na bearta deireanacha a rinne gach comhlacht ná trí ghiúróir a roghnú a bheadh ina gcomhairleoirí ar na comhairlí contae úra, mar a ceadaíodh faoin Acht um Rialtais Áitiúil (Léargas 23).[50]

## Léaráid 22. Torthaí thoghcháin na Comhairle Contae, Aibreán 1899



COMPOSITION OF THE COUNTY COUNCILS.


| LEINSTER. | Unionists. | Nationalists. |
|---|---|---|
| Dublin ... | 6 | 14 |
| Louth ... | 1 | 23 |
| Meath ... | 0 | 21 |
| Wicklow ... | 3 | 17 |
| Wexford ... | 2 | 17 |
| Kilkenny ... | 1 | 17 |
| Carlow ... | 1 | 18 |
| Queen's County ... | 1 | 21 |
| King's County ... | 1 | 20 |
| Westmeath ... | 2 | 21 |
| Longford ... | 1 | 15 |
| Kildare ... | 3 | 18 |
| **ULSTER.** | **Unionists.** | **Nationalists.** |
| Donegal ... | 2 | 18 |
| Londonderry ... | 14 | 5 |
| Antrim ... | 21 | 0 |
| Down ... | 15 | 6 |
| Tyrone ... | 10 | 10 |
| Fermanagh ... | 7 | 17 |
| Monaghan ... | 2 | 18 |
| Armagh ... | 9 | 7 |
| Cavan ... | 0 | 20 |
| **MUNSTER.** | **Unionists.** | **Nationalists.** |
| Limerick ... | 3 | 17 |
| Waterford ... | 1 | 14 |
| Cork ... | 0 | 32 |
| Kerry ... | 3 | 18 |
| Clare ... | 0 | 14 |
| Tipperary ... | 1 | 38 |
| **CONNAUGHT.** | **Unionists.** | **Nationalists.** |
| Leitrim ... | 0 | 18 |
| Sligo ... | 0 | 20 |
| Mayo ... | 0 | 21 |
| Galway (incomplete) | 1 | 5 |
| Roscommon ... | 1 | 17 |
| **TOTALS.** | **Unionists.** | **Nationalists.** |
| Leinster ... | 22 | 222 |
| Ulster ... | 80 | 91 |
| Munster ... | 8 | 133 |
| Connaught ... | 2 | 81 |
| Total ... | 112 | 527 |

*Bunreacht Thír Eoghain, 14 Aibreán 1899, lch. 7.*



Compás ó Léarscáil William Larkin de Ghaillimh, 1819
*Bailiúchán L. Brown*

Léaráid 23. Rún Ard-Ghiúiré Chiarraí trí bhall a cheapadh ar Chomhairle Contae úr Chiarraí, 1899.



Resolved

That the members of the present Grand Jury be appointed as a Committee for the purpose of appointing three additional Councillors under Sec 113 (1) of the Local Govt Ireland Act 1898 & that the said Committee shall meet on Saturday the 8th April next at the hour of three o'Clock for the purpose of making the said appointments

Passed

**An Chomhairle Contae a thoghadh i Lú**

B'ionann Caitlicigh agus níos mó ná 91 faoin gcéad de dhaonra Chontae Lú 1891, ach ba Phrotastúnaigh ba mhó a bhí ar a Ard-Ghiúiré fós. Taispeántar sa tábla an miondealú reiligiúnach ar na trí Ard-Ghiúiré dheireanacha de chuid Lú (reiligiún a sainaithníodh ó dhaonáireamh 1901).

| **Seisiún** | **Giúróirí Caitliceacha** | **Giúróirí Protastúnacha** | **Éiginnte faoin reiligiún** |
|---|---|---|---|
| Earrach 1898 | 5 | 17 | 1 |
| Samhradh 1898 | 7 | 15 | 1 |
| Earrach 1899 | 7 | 16 | |


Tionóladh toghcháin do na comhairlí contae úra Déardaoin, 6 Aibreán 1899. Bhí iarrthóirí Aontachtacha i gcúig thoghcheantar i Lú, agus fuarthas an bua orthu ar fad seachas William Plunket Cairnes, a toghadh gan cur ina choinne.[51] Cheap an t-ard-ghiúiré a bhí ag dul in éag triúr giúróirí sa chomhairle contae úr: Henry J. Daly, Ard-Shirriam an Contae agus John Ribton Garstin, dhá Phrotastúnach, agus John Quinn, Caitliceach (Léaráid 24).[52]

*D'fhéach Daoine, Cumhacht agus Áit* leis an gcumhacht a d'fheidhmigh an córas ard-ghiúiré ar dhaoine agus áit ar fud na hÉireann a chur in iúl, go háirithe le linn ré a thionchair ba mhó san ochtú haois déag agus sa naoú haois déag. Ní féidir i leabhrán gairid mar seo cur síos a dhéanamh ar na foinsí ar fad atá ar fáil, lena n-áirítear leabhair thuairiscí, cuntais chisteoirí, leabhair mhiontuairiscí agus rúin ard-ghiúiréithe, mórleabhair bhailitheoirí, luachálacha, taifid phríosúin agus ospidéil. Léirítear go cinnte leis an bhfaisnéis a bailíodh don fhoilseachán seo scála, raon feidhme agus tábhacht fhoinsí an ard-ghiúiré.

Dá réir sin, baineann luach ollmhór le taifid na n-ard-ghiúiréithe, a mhaireann i méideanna suntasacha ar fud na hÉireann don stair áitiúil agus chun tuiscint a fháil ar an dóigh ar cuireadh cruth ar thréith shóisialta na hÉireann ar an leibhéal áitiúil le linn an ochtú agus an naoú haois déag. Tá i bhfad níos mó fós le nochtadh. D'fhoilsigh formhór na gcontaetha na céadta cóipeanna de shleachta tuairiscí i ndiaidh suíonna cúirte seisiúin, agus d'fhéadfadh sé go bhfuil go leor díobh suite i mboscaí agus i gcófra i 'dtithe móra' timpeall na tíre. Ní mór na taifid chaillte sin a shainaithint agus a chaomhnú, toisc gur féidir deiseanna uathúla agus tábhachtacha a sholáthar ar an gcaidreamh sóisialta in Éirinn roimh 1898 leo.

## Léaráid 24. Ballraíocht Chomhairle Contae Lú, Aibreán 1899.

Tháinig comhairle contae nua Lú le chéile den chéad uair ar an 22 Aibreán 1899. I ndiaidh Peter Hughes a thoghadh mar chathaoirleach, tarraingíodh aird láithreach ar aistriú na cumhachta áitiúla ó Phrotastúnaigh agus Aontachtaithe go Caitlicigh agus Náisiúnaithe, nuair a rith an chomhairle rún inar éilíodh Riail Dúchais. Chuir Cairnes, an t-aon aontachtaí a toghadh chun na Comhairle, i gcoinne an rúin.[53]




LOUTH.

Dundalk Saturday.

The first meeting of the Louth County Council was held on Saturday in the Grand Jury Room of the County Courthouse, Dundalk. All the Councillors were present, and the following officials were also in attendance:—William de S Filgate, secretary to the Grand Jury; J J Russell, sub-sheriff; and P J Lynam, C E, county surveyor. The following councillors were present:—Ardee, Thomas Dolan; Barronstown, P Hughes, Castlering; Carlingford, James Quinn, Whitestown; Castletown, Thos J Byrne, Rossmakea; Castlebellingham, Stephen Segrave; Clogher, Denis J Rath, Clogherhead; Clonkeen, Patrick Murray, Philipstown; Drogheda, W P Cairnes, F Gogarty, James P Kelly, Lawrence Moore, and James M'Carthy; Dromiskin, Thomas Kinahan; Drumcar[illegible], Michael O'Meara; Dundalk Rural, Charles A Duffy; Dundalk Urban, T C Macardle, Thomas Roe, B Hamill, James Moore, and Joseph Maxwell; Dunleer, Patrick Byrne; Faughart, Jas M'Court, Dundalk; Louth N B King; Monasterboice, Patrick Callan; [illegible]llary, Joseph Dolan, Gaulstown; Rathcor, Joseph H M'Ardle, Rampark; Ravensdale, [illegible] Johnston; Termonfeckin, Thomas Maguire.

Grand Jurors—Messrs Henry J Daly, High Sheriff; John R Garstin, and John Quinn, the members selected by the Grand Jury, were also present.

*Freeman's Journal, 24 Aibreán 1899, lch. 5.*




Líníocht ailtire de theach cúirte Chill Mhantáin (1876). Cartlann Contae Chill Mhantáin:

# Léitheoireacht Bhreise

Butler, Richard. 'The radicals in these Reform times': Politics, Grand Juries, and Ireland's Unbuilt Assize Courthouses, 1800-50', *Architectural History*, 58 (2015), 109-39.

Crooks, Peter (ed.), *Government, War and Society in Medieval Ireland: Essays by Edmund Curtis, A.J. Otway-Ruthven and James Lydon* (eagrán athbhreithnithe, Baile Átha Cliath 2019).

Crossman, Virginia. *Local government in nineteenth century Ireland.* Belfast, 1994.

Foley, Áine. 'Violence and authority: the sheriff and seneschal in late medieval Ireland', *Proceedings of the Royal Irish Academy*, 117 (2017), 185-206.

Foot, Charles. *The grand jury laws of Ireland: comprising all the statutes relating to the powers and duties of grand juries, including orders in Council relating to presentments and all matters connected therewith: to which are added copious notes, tables of cases reported under various acts, forms of procedure, criminal jurisdiction, and an index.* Baile Átha Cliath, 1884.

Garnham, Neal. 'Local elite creation in early Hanoverian Ireland: the case of the county grand jury', *The Historical Journal*, 42:3 (1999), 623-42.

Vanston, George. *The grand jury laws of Ireland: being a collection of the statutes and orders in Council relating to the presentment of public money by grand juries, and matters connected therewith, with notes, tables of cases and statutes, additional forms and an index.* Baile Átha Cliath, 1883.

# Nótaí

[1] Herbert Wood, *A guide to the records deposited in the Public Record Office of Ireland* (Baile Átha Cliath, 1919), lgh. 126, 214.

[2] Virginia Crossman, *Local government in nineteenth century Ireland* (Belfast, 1994), p. 25.

[3] *Roscommon and Leitrim Gazette*, 15 Márta 1828, lch. 3.

[4] *Roscommon and Leitrim Gazette*, 9 Lúnasa 1823, lch. 2.

[5] Neal Garnham, 'Local elite creation in early Hanoverian Ireland: the case of the county grand jury' in *The Historical Journal*, lxii, no. 3 (1999), p. 630.

[6] Acht chun Acht a mhíniú agus a leasú, ar a dtugtar, Acht chun cosc a chur ar Phápairí bheith ina n-aturnaetha (6 Anne c. VI, cuid 5).

[7] James Hardiman, *History of the town and county of the town of Galway* (Dublin, 1820), p. 226, note).

[8] *Roscommon and Leitrim Gazette*, 15 Márta 1828, lch. 3.

[9] Ceapadh Tennison mar phríomhghiúoróir chúirt seisiúin an tsamhraidh in 1831 (*Roscommon and Leitrim Gazette*, 23 Iúil 1831, lch. 3).

[10] Isaac Weld, *Statistical survey of the County of Roscommon* (Dublin, 1832), pp

[11] Thomas Davis, *The Patriot Parliament* on 1689 (3rd ed., London, 1893), p. 166.

[12] Acht chun foráil a dhéanamh i leith imscrúdú níos cúramaí a dhéanamh ar thuairiscí a dhéanadh ard-ghiúiréithe le haghaidh bóithre agus oibreacha poiblí in Éirinn, agus i leith cuntas a thabhairt ar airgead a bhailítí trí na tuairiscí sin (57 Geo. III, c. 107, cuid 7.).

[13] Hely Dutton, *Statistical survey of the county of Clare* (Dublin, 1808), p. 27.

[14] Prisons (Ireland) Act, 1810 (50 George III, c. 103, cuid 47).

[15] *Deputy Keeper, Public Records of Ireland* report, xxxii, p. 30 (hereafter D.K.P.R.I.).

[16] *D.K.P.R.I.*, xxxii, pp 31-34.

[17] 23 & 24 George III, c. 42, cuid iv.

[18] 23 & 24 George III, c. 42, cuid 5; Dutton, *Suirbhé staidrimh, an Clár*, lgh. 354-5.

[19] Crossman, *Local government in nineteenth century Ireland*, p. 27.

[20] Acht a bhaineann le deisiú agus athchóiriú droichead, stodaí bóthair agus tóchair ar na mórbhealaí (10 Charles I, seisiún 2, c. 26).

[21] Acht chun cosc a chur ar thiomsú mídhleathach airgid ag Ard-Ghiúiréithe, agus mí-úsáid a bhaint as airgid a bhailítear go dlíthiúil: agus chun Acht a fhorghníomhú ar bhealach níos fearr chun na mórbhealaí a dheisiú trí shaothar sé lá: agus chun maoirseoirí mórbhealaí a cheapadh ag na breithiúna ag a seisiúin, cheal na paróistí faoi seach iad a ainmniú (4 Anne c. 6).

[22] 33 George II, c. 8, cuid 11.

[23] 5 George III, c. 14. Aisghaireadh leis an reacht sin 11, 12 agus 13 Séamas I, c 7 (an t-acht lenar tugadh isteach an oibleagáid saothair 6 lá) agus lenar cuireadh an fhreagracht as na bóithre a dheisiú ar ard-ghiúiré an chontae (cuid 2). Ní dócha gur comhtharlú é gur tharla na hathruithe sin i gcomhthráth le spéis i mapáil an bhonneagair cumarsáide i roinnt contaetha.

[24] Edward Wakefield, *Account of Ireland* (2 imleabhar., Londain, 1812), i, lgh. 505, 659.

[25] Wakefield, *Account of Ireland*, ii, lch. 347.

[26] Wakefield, *Account of Ireland*, i, lgh. 263-4.

[27] Níor taifeadadh aon ainmneacha giúróirí do chúirt seisiúin Dhún na nGall i samhradh 1761 agus in earrach 1762. Chun an ceanglas go mbeadh dhá ghiúróir déag nó níos mó ann féach Níamh Howlin, '"The terror of their lives":: Irish jurors' experiences' in *Law and History Review*, (2011), lch. 710, nóta 34.

[28] M. F. Cusack, *A history of the Kingdom of Kerry* (Baile Átha Cliath, 1871), lgh. 347; Leabhar nótaí NLI Lane Poole, ms 7227, lgh. 44.

[29] *The Grand Juries of the County of Westmeath* (2 imleabhar, Ledestown, 1853). Níor liostáladh ainmneach ar bith do 35 ghiúiré mhór; fágadh ar lár iad.

[30] Wakefield, *Account of Ireland,* ii, lch. 348.

[31] Wakefield, *Account of Ireland*, ii, lch. 347-8.

[32] Wakefield, Account of Ireland, ii, lgh. 604, 606, 611, 615, 772.

[33] Grand Jury Presentments (Ireland) Act (57 Seoirse III c. 107); Grand Jury (Ireland) Act (6 & 7 William c. 116).

[34] The Chief Secretary [Gerald Balfour] to Lord Lieutenant, 21 Feabhra 1898 (Hansard, liii, c. 1227).

[35] Crossman, *Local government in nineteenth century Ireland*, p. 91.

[36] *Bunreacht Chorcaí*, 23 Márta 1891, lch. 3; 25 Márta 1891, lch. 6.

[37] *Bunreacht Chorcaí*, 28 Márta 1891, lch. 4.

[38] *Report of Deputy Keeper of Public Records, Ireland* (1892), pp 5-6.

[39] *Cork Daily Herald*, 30 Márta 1891, lch. 6.

[40] 'County Wicklow Grand Jury Presentments, Summer Assizes, 1793' in *Journal of West Wicklow Historical Society*, ix (2017).

[41] Accounts Ledger, c. 1794-1817 (Cavan County Archives, GJ/1, f. 6, no. 27); *County of Clare Presentments at spring assizes, 1799* (Ennis, 1799), p. 6, no. 62; *City of Kilkenny, presentments of Grand Jury, Lent 1803* (Kilkenny), p. 6.

[42] *County of Longford, abstract of presentments, Lent assizes, March 10, 1817* (no. 34).

[43] *County of Kilkenny, presentments of grand jury, Lent assizes, 1801,* p. 2.

[44] *Queen's County Presentments, summer assizes, 1813,* p. 8.

[45] Acht chun dlíthe a leasú chun na bóithre agus na hoibreacha poiblí eile in Éirinn a dhéanamh, a dheisiú agus a fheabhsú (59 Seoirse III, c. 84).

[46] *County of Tipperary, an abstract of presentments, spring assizes,* 1817 (Clonmel), pp 14-17. Kilkenny volume available on Google Books.

[47] Measuringworth.com: Labour Cost equivalent.

[48] Dutton, *Statistical survey of Clare*, pp 217-8.

[49] *Belfast Commercial Chronicle*, 20 Márta 1811, lgh. 4.

[50] Local Government (Ireland) Act, 1898 (61 & 62 Victoria c. 37, cuid 113).

[51] Le haghaidh thorthaí an toghcháin, féach *Freeman's Journal*, 8 Aibreán 1899, lch. 6; *Drogheda Independent*, 8 Aibreán 1899, lch. 4.


[52] *Freeman's Journal*, 24 Aibreán 1899, lch. 5.

[53] *Freeman's Journal*, 24 Aibreán 1899, lch. 5.

# Cartlannaithe agus Bainisteoirí Taifead Rialtais Áitiúil

## Seirbhísí Cartlainne na nÚdarás Áitiúil 2021

- Comhairle Contae Cheatharlach Louise Kennedy
- Comhairle Contae an Chláir: Rene Franklin
- Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí: Brian McGee
- Comhairle Contae Dhún na nGall: Niamh Brennan
- Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Stephanie Rosseau
- Comhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin: David Gunning (Seirbhís Leabharlainne); Georgina Sweetnam.
- Comhairle Contae Fhine Gall: Karen de Lacey; Colm McQuinn
- Comhairle Chontae na Gaillimhe: Fiona Kearney
- Comhairle Contae na Gaillimhe: Patria McWalter
- Comhairle Contae Chiarraí: Michael Lynch
- Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh: Jacqui Hayes
- Comhairle Contae an Longfoirt: Martin Morris
- Comhairle Contae Lú: Lorraine McCann
- Cartlann Uíbh Fhailí: Lisa Shortall
- Comhairle Contae Thiobraid Árann: Rachel Granville
- Comhairle Contae Phort Láirge: Joanne Rothwell
- Comhairle Contae Loch Garman: Gráinne Doran
- Comhairle Contae Chill Mhantáin: Catherine Wright


KING'S COUNTY.

ABSTRACT OF

PRESENTMENTS GRANTED,

And Queries Discharged and Respited,

AT LENT ASSIZES,

1846.

| | | |
|---|---|---|
| *Fiscal Business Commenced,* | .. | .. *28th February.* |
| *Commission opened,* .. | .. | .. *2nd March.* |
| *Assizes terminated,* .. | .. | .. *4th* " |

JUDGES.

THE RIGHT HONORABLE THE CHIEF JUSTICE.
THE RIGHT HONORABLE CHIEF JUSTICE DOHERTY.

GRAND JURY.

1 HARDRESS LLOYD, Esq.
2 JOHN H. DROUGHT, Esq.
3 JOHN G. KING, Esq.
4 HENRY TRENCH, Esq.
5 SIR NICHOLAS FITZSIMON, KNT.
6 FRANCIS L. DAMES, Esq.
7 THOMAS H. MULOCK, Esq.
8 JAMES F. ROLLESTON, Esq.
9 GEORGE MARSH, Esq.
10 GEORGE MINCHIN, Esq.
11 JOHN ANDREWS, Esq.
12 THOMAS SPUNNER, Esq.
13 THOMAS HACKETT, Esq.
14 WILLIAM THOMAS BRISCOE, Esq.
15 JOHN WARBURTON, Esq.
16 JOHN O'BRIEN, Esq.
17 ADAM FULLER, Esq.
18 AMBROSE COX, Esq.
19 JOHN W. TARLETON, Esq.
20 BARRY FOX, Esq.
21 JOHN LUCAS, Esq.
22 ROBERT LAUDER, Esq.
AND
23 ANDREW STONEY, Esq.

HARRY P. L'ESTRANGE, Esq. Sheriff.

PARSONSTOWN:
SHEILDS AND SON, PRINTERS, CUMBERLAND SQUARE.


Contae an Rí': Sliocht Tuairiscí agus Ceisteanna
a Scaoileadh ag Cúirt Seisiúin an Charghais, 1846.
*Le caoinchead Chartlann Uíbh Fhailí*





Léarscáil den Ard-Ghiúiré 1780, Contae Aontroma (John Kendrick).
Greanadh: 'The East Prospect of the Giants causeway'. Tábla:
'Reference to the Noblemen and Gentlemen's Seats'

*Le Caoinchead Bhailiúchán L. Brown*


Léarscáil an Ard-Ghiúiré 1783, Contae Chill Dara (Alexander Taylor). Greanadh: 'Perspective View of the Castle of Maynooth'. Greanadh: 'Aqueduct Bridge … North of Naas; here the Grand Canal crosses the River Liffy [sic]'.
*Le Caoinchead Bhailiúchán L. Brown*












BEYOND 2022

Virtual Record Treasury of Ireland